



Samplaí dea-chleachtais de shuirbhéanna chun faireachán a dhéanamh ar ghalair thógálacha a bhaineann le drugaí san Aontas/in LEE

Forlíonadh le prótacal teicniúil DRID



Fógra dlíthiúil

Níl EUDA ná aon duine atá ag gníomhú thar ceann EUDA freagrach as an úsáid a d'fhéadfai a bhaint as an bhfaisnéis atá san fhoilseachán seo.

© Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh, 2024

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinsé a admháil.

Ida Sperle-Heupel (Institiúid Robert Koch) agus Ruth Zimmermann (Institiúid Robert Koch) a chuir an doiciméad seo le chéile faoi chonradh CT.22.HEA.0108.1.0 de chuid EUDA, arna chomhordú ag Thomas Seyler (EUDA) agus Filippo Pericoli (EUDA), le ranníocaíochtaí luachmhara ó a baill seo a leanas de ghrúpa oibre EUDA: Vana Sypsa (Ollscoil Náisiúnta agus Kapodistrias na hAithne), Sharon Hutchinson (Ollscoil Chaladónach Ghlaschú), Carole Devaux (Institiúid Sláinte Lucsamburg), Martin Kåberg (Karolinska Institutet), Marie Jauffret-Roustide (Inserm), Anda Țîvîte-Urtâne (Ollscoil Riga Stradins), Erika Duffell (ECDC).

Lua molta: Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (2024), *Samplaí dea-chleachtais de shuirbhéanna chun faireachán a dhéanamh ar ghalair thógálacha a bhaineann le drugaí san Aontas/in LEE: Forlónadh le prótacal teicniúil DRID*, EUDA, Liospóin.



Praça Europa 1, Cais do Sodré, 1249-289 Liospóin, an Phortaingéil
Teil. +351 211210200

info@euda.europa.eu | www.euda.europa.eu | twitter.com/euda | facebook.com/euda

Clár ábhar

Suirbhéanna trasghearrthacha.....	4
Staidéar DRUCK 2011-14, an Ghearmáin.....	4
DRUCK 2.0, an Ghearmáin	9
Clár for-rochtana HCV-UD, Lucsamburg	16
Suirbhéanna trasghearrthacha leantacha	20
ARISTOTLE (2013-2012), ARISTOTLE HCV-HIV (2018-2020), ALEXANDROS (2019-2021), an Ghréig	20
Needle Exchange Surveillance Initiative [Tionscnamh um Fhaireachas Malartaithe Snáthaidí] (NESI), Albain.....	26
Staidéar cohóirt.....	32
Cúram HCV i gclinic ar chlár snáthaidí agus steallairí (NSP) i Stócólm, an tSualainn	32
Forbhreathnú ar tháscairí DRID a bailíodh sna samplaí dea-chleachtais	38

Suirbhéanna trasghearrthacha

Staidéar DRUCK 2011-14, an Ghearmáin

DRUCK i mbeagán focal: Staidéar trasghearrthach a rinneadh i suíomhanna tairsí ísle le PWIDanna ar fud ocht gcathair sa Ghearmáin (2011-2014).

Príomhláidreachtaí: Dea-chomhar agus dea-chaidreamh le seirbhísí tairsí ísle arbh iad na láithreáin staidéir iad.

Príomhlaige: Bhí an tsampláil bunaithe ar fhreagróirí dian ar acmhainní agus thóg sé go leor ama tabhairt fúithi.

Teagmháil: Ruth Zimmermann: zimmermannr@rki.de

Cur isteach sampla dea-chleachtais: Iúil 2023

Aidhm agus cuspóirí

- Séirealeitheadúlacht HBV, HCV, VEID i measc PWIDanna sna cathracha staidéir faoi seach a dhéanamh amach
- Meastachán a dhéanamh ar mheánleithheadúlacht na n-ionfhabhtuithe sin i measc PWIDanna sa Ghearmáin
- Géinitíopaí éagsúla HCV i measc PWIDanna sa Ghearmáin a shainaithint
- Deitéarmanaint iompraíochta, fachtóirí riosca agus saintréithe PWIDanna a shainaithint
- Meastóireacht a dhéanamh ar bhearnaí eolais agus eolais maidir le HBV, HCV agus VEID i measc PWIDanna

Pobal staidéir (critéir maidir le cuimsiú)

Bhí PWIDanna a bhí tar éis drugaí a instealladh le 12 mhí anuas, a bhí os cionn 16 bliana d'aois agus a bhí ina gcónaí i gcathair an staidéir incháilithe don staidéar.

Dearadh staidéir

Staidéar il-láithreáin trasghearrthach a bhí sa staidéar. Rinneadh é in 2011 (mar threoirthionscadal in dhá chathair), agus in 2012-2014 bailíodh sonraí i sé chathair eile. Rinneadh an earcaíocht i gcaitheamh idir 6 agus 8 seachtaine i ngach cathair faoi seach.

Straitéis samplála

Baineadh úsáid as sampláil bunaithe ar fhreagróirí (RDS), agus roghnaíodh síolta (na chéad fhreagróirí agus an túsphointe d'earcaíocht idir píaraí) ó gach seirbhís drugaí tairsí ísle ábhartha, ó thionscadail for-rochtana, agus ó sheirbhísí cóireála drugaí i gcathracha an staidéir.

Dreasacht

Fuair na rannpháirtithe EUR 10 as bheith páirteach, agus EUR 5 breise in aghaidh gach rannpháirtí bhreise a d'earcaigh siad (triúr (EUR 15) ar a mhéad).

Láithreáin earcaíochta agus staidéir

Seirbhísí laghdaithe díobhála tairsí ísle in 8 gcathair mhóra sa Ghearmáin (1-2 in aghaidh na cathrach) a bhí sna láithreáin earcaíochta agus staidéir. Roghnaíodh na

Samplaí dea-chleachtais de shuirbhéanna chun faireachán a dhéanamh ar ghalair thógálacha a bhaineann le drugaí san Eoraip

láithreáin staidéir bunaithe ar liosta critéar a réamhshainíodh mar thoradh ar anailís staidéir. Seo a leanas na critéir le haghaidh na láithreán staidéir:

- Láithreachta agus méid an phobail drugaí sa chathair
- Leitheadúlacht mheasta ar úsáid drugaí trí instealladh
- Líon na ndaoine atá ag dul faoi theiripe le haghóinaithe ópóideacha (OAT)
- Toilteanas agus cumas saoráidí tairsí ísle ann a bheith páirteach sa staidéar
- Spéis na gcomhpháirtithe comhoibríocha féideartha struchtúir a bhunú chun i dtaca le tástáil agus comhairleoireacht le haghaidh galair thógálacha i seomraí caite drugaí nó i saoráidí buail isteach tairsí ísle eile le haghaidh PWIDanna.

Comhdhéanamh na mball staidéir

Bhí seisear ball foirne san iomlán le haghaidh staidéar DRUCK:

- Comhairleoir amháin (ar cuireadh oiliúint air i gcomhairleoireacht réamhthástála)
- Bainisteoir cúpóin amháin (oilte in uirlis RDS Excel, agus maidir le gach doiciméad staidéir eile)
- Altra/duine saotharlainne staidéir amháin (spotaí fola triomaithe (DBS) a thógáil agus a láimhseáil)
- Agallóir amháin (oilte maidir le dul tríd an gceistneoir iomlán)
- Dochtúir staidéir amháin (le haghaidh comhairleoireacht iarthástála)
- Bainisteoir láithreáin staidéir amháin (ceannasaí foriomlán ar an láithreán staidéir)

Samplamhéid

Ba é 2 033 rannpháirtí an samplamhéid a ríomhadh. Ríomhadh an samplamhéid bunaithe ar an leitheadúlacht mheasta ab ísle VEID (4 %), cumhacht 90 % agus CI 95 %. B'ionann agus 2 077 é sampla iomlán na rannpháirtithe a áiríodh sa staidéar.

Tréimhse bailithe sonraí

2011 (treoirhionscadal in dhá staidéar), 2012-2014, sé chathair eile. 6-8 seachtaine earcaíochta in aghaidh na cathrach.

Bailiú agus tástáil eiseamail

Bhailigh an fhoireann oilte staidéir DBS ar an láithreán staidéir.

Bithchomharthaí	Cineál tástála
<u>Heipitíteas C:</u> Frith-HCV, HCV RNA (gach sampla). Imdhíonmheasúnacht le haghaidh deimhniú frith-HCV i gcás PCR diúltach.	Measúnachtaí ARCHITECT anti-HCV agus Monalisa Anti-HCV Plus Version 2 Stiall imdhíonmheasúnacht HCV IgG recomLine
<u>Heipitíteas B:</u> Frith-HBc, HBsAg, Frith-HBanna (gach sampla)	Measúnachtaí ARCHITECT anti-HBs agus Monalisa Anti-HBs Plus Measúnacht ARCHITECT anti-HBc agus measúnacht Monalisa Anti-HBc Plus
<u>VEID:</u> Frith-VEID, Blab VEID, Frith-HTLV I agus II	Cómheasúnacht ARCHITECT HIV Ag/Ab (le linn an treoirhionscadail) agus 3ú glúin de Murex HIV 1.2.O ELISA agus Genscreen HIV 1.2.O ELISA Immunoblot HIV Blot 2.2.

	NEW LAV Blot 2 le haghaidh VEID-2 go sonrach
<u>HTLV:</u>	- Murex HTLV1 + 2 ELISA - HTLV Blot 2.4

Bailiú sonraí – ceistneoir

Bailíodh sonraí le ceistneoir struchtúrtha páipéarbhunaithe. Cuireadh i gcrích é le hagallóirí oilte ag an tseirbhís tairsí ísle (láithreán staidéir). Cuireadh an ceistneoir ar fáil i gceithre theanga: Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Rúisis.

Táscairí DRID a bailíodh sa staidéar

Tástáilte/tomhaiste:

- Leitheadúlacht víreimeach HCV
- Leitheadúlacht HIV
- Leitheadúlacht HTLV
- Leitheadúlacht HBV (ionfhabhtú ainsealach agus ionfhabhtú roimhe)
- Leitheadúlacht vacsaínithe HBV

Féintuairiscithe:

- Líon a tástáladh (roimhe/le 12 mhí anuas)
- Líon a diagnóisíodh
- Líon ar cuireadh cóireáil orthu
- Líon a fuair cóireáil éifeachtach
- Cúiseanna as gan teiripe a thabhairt
- Gach táscaire iompraíochta DRID maidir le feistí insteallta drugaí a chomhroinnt
- Soláthar snáthaidí agus steallairí glana

Anailís sonraí

Tarlú galair (leitheadúlacht/ráta tarlaithe)

Rinneadh leitheadúlacht a mheas le haghaidh ionfhabhtú gníomhach HBV agus le haghaidh ionfhabhtú HBV réitithe, le haghaidh ionfhabhtú gníomhach HCV agus le haghaidh ionfhabhtú HCV réitithe agus le haghaidh VEID. Rinneadh ráta tarlaithe a mheas bunaithe ar dháta toimhdithe an ionfhabhtaithe i measc na ndaoine a thosaigh ag instealladh drugaí le déanaí. Mionsonraí maidir le modhanna staidrimh, ualú de réir mhéid an líonra RDS a mhínítear sa roinn maidir le hanailís staidrimh in <https://bmcpublihealth.biomedcentral.com/articles/10.1186/s12889-016-3545-4>.

Tomhas comhlachais (fachtóirí riosca)

Rinneadh roinnt MVASanna, féach an liosta foilseachán.

Ualú

Ní dhearnadh aon ualú le haghaidh na n-anailísí, agus cuireadh na sonraí in iúl i leith an líon iomlán rannpháirtithe nó i leith rannpháirtithe in aghaidh na cathrach a bhí páirteach sa staidéar. Áiríodh comhairleoireacht réamhthástála agus iarthástála chomh maith le torthaí tástála agus nasc le cúram mar idirghabháil do gach rannpháirtí staidéir.



Ciall cheannaithe: Níor comhlíonadh toimhdí RDS i ngach cathair, toisc go raibh ilchineálacht ceiste ann maidir le méid gach líonra aonair faoi seach. Dá bhrí sin, rinneadh cinneadh anailísí neamhualaithe in aghaidh na cathrach a dhéanamh <https://bmcpublikealth.biomedcentral.com/articles/10.1186/s12889-016-3545-4>. Mar gheall ar an nasc le hidirghabhálacha mar chuid den staidéar, bhí gá le hiarracht mhór bhreise ó thaobh foirne agus maoinithe de. Níor fostaíodh dochtúirí ach le haghaidh comhairleoireacht iarthástála amháin.

Scaipeadh torthaí

Ba é an toradh a bhí ar an staidéar tuarascáil fhoriomlán chríochnaitheach amháin agus tuarascáil amháin in aghaidh na cathrach do gach ceann de na hocht gcathair a bhí páirteach sa staidéar (iad uile sa Ghearmáinis). Foilsíodh roinnt páipéar idirnáisiúnta agus Gearmánach a ndearnadh piarmheasúnú orthu. Ina theannta sin, scaipeadh na torthaí i gcruinnithe le páirtithe leasmhara náisiúnta agus áitiúla (ar leibhéal na cathrach), ar an suíomh gréasáin agus i gcomhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Formheas cosanta sonraí/eitice

Fuarthas formheas eiticiúil ón gcoiste eitice ag Charité University Medicine, Beirlín, an Ghearmáin, i mí na Bealtaine 2011 (Uimhir EA4/036/11) agus i mí na Samhna 2012 (leasú; Uimhir EA4/036/11). D'fhormheas an Coimisinéir Cónaidhme um Chosaint Sonraí agus um Shaoráil Faisnéise an prótacal staidéir an 29/11/2012 (III-401/008#0035).

Shínigh na rannpháirtithe go léir foirm maidir le toiliú feasach lena gceadaítear a gcuid sonraí anaithnide a úsáid lena bhfoilsíú.

Costais a bhaineann leis an staidéar agus foinse an chistithe

Chuir Aireacht Sláinte na Gearmáine an maoiniú ar fáil don staidéar. Thart ar EUR 450 ab ea an costas in aghaidh an rannpháirtí.

Ciall cheannaithe ar an iomlán

Nuair a chuirtear idirghabhálacha san áireamh sa staidéar, ní mór machnamh cúramach a dhéanamh orthu agus iad a chur chun feidhme. Mar shampla, ní mór gur féidir torthaí tástála a thabhairt amach am ar bith sa lá, agus ní hamháin le linn uaireanta teoranta agus/nó ar laethanta áirithe. Laige amháin a bhaineann le RDS is ea go bhfuil sé an-dian ar fhoireann agus ar acmhainní. Ceann de phríomhláidreachtaí an staidéir ab ea an dlúthchomhar le seirbhísí tairsí ísle (lena n-áirítear laghdú díobhála) a bhí ina láithreáin staidéir sa staidéar seo.



Tuilleadh léitheoireachta

Doiciméid staidéir:

- Prótacal staidéir: [Suirbhé ilionaid seirea-iompair le haghaidh heipitíteas B agus C, VEID agus HTLV i measc daoine a insteallann drugaí sa Ghearmáin ina n-úsáidtear RDS](#)
- Ceistneoir: https://www.rki.de/DE/Content/InfAZ/H/HIVAIDS/Studien/DRUCK-Studie/Abschlussbericht.pdf?__blob=publicationFile

- (Tá ceistneoir i mBéarla chomh maith le doiciméid staidéir eile, lena n-áirítear SOPanna, ar fáil ach iad a iarraidh)

Foilseacháin:

- Tuarascáil: Robert Koch-Institut. Abschlussbericht der Studie „Drogen und chronischen Infektionskrankheiten in Deutschland“ (DRUCK-Studie), Berlin 2016. DOI: 10.17886/rkipubl-2016-007.2
- Wenz, B., Nielsen, S., Gassowski, M. et al. High variability of HIV and HCV seroprevalence and risk behaviours among people who inject drugs: results from a cross-sectional study using respondent-driven sampling in eight German cities (2011-2014). BMC Public Health 16, 927 (2016). <https://doi.org/10.1186/s12889-016-3545-4>
- Nielsen S, Gassowski M, Wenz B, Bannert N, Bock CT, Kücherer C, Ross RS, Bremer V, Marcus U, Zimmermann R; DRUCK study group (2016): Concordance between self-reported and measured HIV and hepatitis C virus infection status among people who inject drugs in Germany. Hepatol. Med. Policy 1: 8. Epub Sep 1. doi: 10.1186/s41124-016-0016-6.
- Derks L, Gassowski M, Nielsen S, An der Heiden M, Bannert N, Bock CT, Bremer V, Kücherer C, Ross S, Wenz B, Marcus U, Zimmermann R; DRUCK-study group (2018): Risk behaviours and viral infections among drug injecting migrants from the former Soviet Union in Germany: Results from the DRUCK-study. Int. J. Drug Policy 59 (Sept): 54–62. Epub Jul 11. doi: 10.1016/j.drugpo.2018.06.011.
- Haussig JM, Nielsen S, Gassowski M, Bremer V, Marcus U, Wenz B, Bannert N, Bock CT, Zimmermann R; DRUCK study group (2018): A large proportion of people who inject drugs are susceptible to hepatitis B – results from a bio-behavioural study in eight German cities. Int. J. Infect. Dis. 66 (2): 5-13. Epub 2017 Oct 31. doi: 10.1016/j.ijid.2017.10.008.
- Gassowski M, Nielsen S, Bannert N, Bock CT, Bremer V, Ross RS, Wenz B, Marcus U, Zimmermann R; DRUCK-study group (2019): History of detention and the risk of hepatitis C among people who inject drugs in Germany. Int. J. Infect. Dis.: Epub Jan 15. doi: 10.1016/j.ijid.2019.01.015.
- Enkelmann, J., Gassowski, M., Nielsen, S. Wenz, B., Roß, S., Marcus, U., Bremer, V., Zimmermann, R and DRUCK Study group: High prevalence of hepatitis C virus infection and low level of awareness among people who recently started injecting drugs in a cross-sectional study in Germany, 2011-2014: missed opportunities for hepatitis C testing. Harm Reduct J 17, 7 (2020). <https://doi.org/10.1186/s12954-019-0338-y>

DRUCK 2.0, an Ghearmáin

- **Druck 2.0 i mbeagán focal:** Staidéar trasghearrthach a rinneadh i suíomhanna tairsí ísle le PWIDanna in dhá Stát Chónaidhme (an Bhaváir agus Beirlín) sa Ghearmáin (2021-2022).
- **Príomhláidreachtaí:** Ghlac rannpháirtithe sa staidéar go maith le hearcaíocht i seirbhísí tairsí ísle agus i saoráidí OAT agus d'éirigh go maith leis dul i dteagmháil le spriocphobal an staidéir. Leitheadúlacht víréimeach HCV i dtaca leis na rannpháirtithe uile.
- **Príomhlaige:** Níl aon chistiú breise ann le haghaidh faireachán leanúnach. Níl cumhdach vacsaínithe le haghaidh Heipitíteas B inmheasúnaithe mar gheall ar thairseach ard dearbhaithe i dtástáil DBS.
- **Teagmháil:** Druck2.0@rki.de
- **Cur isteach sampla dea-chleachtais:** Iúil 2023

Aidhm agus cuspóirí

Faireachán tréimhsiúil ar ghalair thógálacha a ullmhú i measc PWIDanna i saoráidí tairsí ísle um laghdú díobhála agus i seirbhísí cóireála agónaí ópóideach (OAT) sa Ghearmáin.

- Leitheadúlacht VEID, HBV, HCV agus sífilis agus fachtóirí riosca sochdhéimeagrafacha agus iompraíochta i measc daoine faoi mhíchumas a mheas
- Treochtaí náisiúnta agus réigiúnacha a shainaithint le haghaidh bearta spriocdhírthe coisctheacha agus rialaithe
- Faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas díothaithe VEID/heipitítis/ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha sa Ghearmáin
- Táscairí DRID a thuairisciú le haghaidh comparáid idirnáisiúnta (EMCDDA, ECDC, EDS)

Pobal staidéir (critéir maidir le cuimsiú)

PWIDanna a d'instéall uair amháin ar a laghad le 12 mhí anuas, agus a bhí os cionn 16 bliana d'aois.



Ciall cheannaithe: Don chéad staidéar DRUCK eile, athrófar na critéir chuimsithe chun daoine a d'instéall drugaí riamh a áireamh freisin (ní hamháin le 12 mhí anuas). Cinneadh é sin a chur san áireamh mar gheall ar iompraíocht caite drugaí a bheith ag athrú de réir tuairiscí agus go raibh líon mór cliant i seirbhísí drugaí agus i saoráidí OAT a d'instéall drugaí roimhe sin, ach ní le 12 mhí anuas.

Dearadh staidéir

Trasghearradh, in dhá stát cónaidhme (Beirlín agus an Bhaváir).

Straitéis samplála

Áis-sampláil.



Ciall cheannaithe: Bhí saintréithe na rannpháirtithe sa staidéar cosúil leo siúd a earcaíodh le linn an chéad staidéir DRUCK, staidéar a d'úsáid RDS (ullmhófar na torthaí lena bhfoilsíú go luath). Dá bhrí sin, bainfidh pleananna le haghaidh faireachán amach anseo úsáid as áis-sampláil, mar gheall ar dhifríocht an-bheag a bheith sna torthaí agus chun an t-ualach oibre ar shaoráidí earcaíochta a laghdú.

Dreasacht

Fuair na rannpháirtithe dearbhán EUR 10 as bheith páirteach.



Ciall cheannaithe: Ghlac baill foirne go maith leis an dreasacht, ach b'fhearr leo airgead tirim seachas dearbhán a fháil.

Láithreán earcaíochta/staidéir

Rinneadh an earcaíocht ar láithreáin staidéir ina raibh seirbhísí tairsí ísle (lena n-áirítear seomraí caite drugaí), seirbhísí comhairliúcháin, tionscadail tithíochta, agus saoráidí le teiripe le haghónaithe ópóideacha (OAT) i mBeirlín agus i sé chathair éagsúla sa Bhaváir.

Sainaithníodh saoráidí trí chomhpháirtíochtaí roimhe seo, líonraí comhpháirtithe comhair, cuardach ar líne agus liosta ó Chomhlachas na Lia-Chleachtóirí Árachais Sláinte Reachtúil le haghaidh saoráidí OAT, agus tugadh cuireadh dóibh a bheith páirteach 3 mhí roimh thús an staidéir.

Rinneadh an earcaíocht go leanúnach le linn na gnáthoibre nó d'eagraigh na saoráidí í i dteannta laethanta/seachtainí tástála. Bheartaigh na saoráidí féin an dóigh is fearr a d'oirfeadh dá gcás féin agus dá gcliaint maidir le hearcaíocht agus rannpháirtíocht a eagrú.



Ciall cheannaithe: Bhí toradh maith ar an earcaíocht i seirbhísí tairsí ísle (lena n-áirítear seomraí tomhaltais drugaí) agus i saoráidí OAT, agus ghlac rannpháirtithe staidéir go maith léi. Níor earcaigh seirbhísí comhairliúcháin agus tionscadail tithíochta ach líon beag rannpháirtithe, agus ní chuirfear san áireamh iad san faireachán a dhéanfar amach anseo. Chuir roinnt seirbhísí tús le comhoibriú le seirbhísí áitiúla VEID chun tacú le sampláil agus tástáil fola. D'oibrigh sé sin go maith agus laghdaigh sé an t-ualach oibre don suíomh staidéir. Amach anseo, tabharfar cuireadh do sheirbhísí 6 mhí roimh thús an staidéir ionas go mbeidh níos mó ama acu le hullmhú ina leith. Bhí sé tábhachtach go bhféadfadh na láithreáin staidéir cinneadh a dhéanamh iad féin maidir leis an dóigh (agus maidir leis an uair) a n-eagróidís earcaíocht agus rannpháirtíocht i leith an staidéir. Déanfar é sin freisin le linn faireachán a dhéanfar amach anseo.

Comhdhéanamh na mball staidéir

An fhoireann staidéir in RKI, lena n-áirítear beirt eolaithe páirtaimseartha, cúntóir staidéir lánaimseartha amháin, cúntóirí ar mic léinn iad (~ 10 n-uair an chloig in aghaidh na seachtaine). Bhí an fhoireann staidéir in RKI freagrach as an gcomhordú foriomlán, lena n-áirítear pleanáil, na hábhair staidéir a bhunú, oiliúint a chur ar fáil, réiteach fadhbanna agus tacaíocht lóistíochta le linn na céime earcaíochta, iontráil ceistneora, anailísiú sonraí agus na torthaí a chur in iúl. Ba iad baill foirne na saoráidí a rinne an earcaíocht

Samplaí dea-chleachtais de shuirbhéanna chun faireachán a dhéanamh ar ghalair thógálacha a bhaineann le drugaí san Eoraip

sna saoráidí le linn a ngnáthoibre agus níor tugadh cúiteamh airgeadais ina leith. Beirt in aghaidh na saoráide a bhí ar an bhfoireann staidéir i ngach saoráid den chuid ba mhó.



Ciall cheannaithe: Bhí sé ríthábhachtach foireann staidéir lárnach a bheith ann.

D'ainneoin ualach oibre ní b'airde, mheas baill foirne go raibh sé indéanta earcaíocht a dhéanamh mar chuid dá ngnáthobair sna saoráidí.

Samplamhéid

Ríomhadh méid sampla de 700 rannpháirtí, agus earcaíodh 668 rannpháirtí. Chomhlíon 596 rannpháirtí díobh sin na critéir maidir le cuimsiú agus glacadh isteach sa staidéar iad.



Ciall cheannaithe: Bhí sé dúshlánach an méid sampla ríofa a bhaint amach, agus chuir srianta COVID-19 leis an dúshlán sin. Bhí baint mhór fós ag saoráidí OAT go háirithe leis an bhfeachtas vacsaínithe COVID-19 tráth an staidéir, rud a bhí ina dúshlán earcaíochta.

Tréimhse bailithe sonraí

Meitheamh go Deireadh Fómhair 2021 i mBeirlín, agus Samhain 2021 go dtí Aibreán 2022 sa Bhaváir.



Ciall cheannaithe: Ba cheart amanna saoire a sheachaint agus earcaíocht le haghaidh an staidéir ar siúl.

Eiseamal bailithe agus tástáil

Bhailigh baill foirne oilte spotaí fola triomaithe (DBS) ar na láithreáin staidéir.



Ciall cheannaithe: Chun fuil a bhailiú le DBS, bhí gá le hoiliúint a chur ar bhaill foirne (liachta agus neamhliachta), oiliúint phraiticiúil sa chás is fearr, ach bhí toradh maith air nuair a bhí sé á chleachtadh.

Bithchomharthaí	Cineál tástála
<u>Heipitíteas C:</u> Frith-HCV, HCV RNA (gach sampla)	ECLIA cáilíochtúil (Frith-HCV), PCR Fíor-ama cáilíochtúil (HCV-RNA)
<u>Heipitíteas B:</u> HBsAG, Frith-HBanna, Frith-HBc, HBV-DNA (gach sampla)	ECLIA cainníochtúil (HBsAg), ECLIA cainníochtúil (Frith-HBanna), ECLIA cáilíochtúil (Frith-HBc), PCR Fíor-ama cáilíochtúil (HBV-DNA)
<u>VEID:</u> Frith-HIV1/2, IgG AK HIV-1 /2, HIV-RNA	ECLIA cáilíochtúil (Frith-VEID 1/2), Imdhíonbhláb cáilíochtúil (IgG AK HIV-1 agus HIV-2), PCR Fíor-ama cáilíochtúil (HIV-RNA)
<u>Sifilis:</u> Tástáil TPPA (gach sampla), Tástáil VDRL le haghaidh IgG agus IgM (i gcás títear TPPA $\geq$ 1:80)	Measúnacht gleanúna cáithnín leathchainníochtúil (TPPA), Imdhíonbhláb cáilíochtúil (VDRL IgG agus IgM)



Ciall cheannaithe: Bhí tairseach ard (210 lu/μl) ann chun sampla dearfach a dhearbhu le haghaidh frith-HBanna ó shamplaí DBS, rud a d'fhág go raibh sé deacair measúnú a dhéanamh ar líon na ndaoine a bhí vacsaínithe in aghaidh HBV. Rinne an tsaotharlann shannta a modhanna saotharlainne a athbhailíochtú, agus beidh tairseach níos ísle i gceist amach anseo mar thoradh.

Bailiú sonraí – ceistneoir

Baineadh úsáid as ceistneoir páipéarbhunaithe i dteanga shimplí chun sonraí a bhailiú. Bhí 20 príomhcheist agus 20 fo-cheist (coinníollach, bunaithe ar an bhfreagra a tugadh ar an bpríomhcheist) ann. Forbraíodh an ceistneoir i nGearmáinis, agus aistríodh go 11 teanga é: Bulgáiris, Béarla, Fairis, Francis, Gearmáinis, Gréigis, Iodáilis, Polainnis, Rómáinis, Rúisis agus Vítneaimis.

Cuireadh cúnamh ar fáil do na rannpháirtithe chun an ceistneoir a líonadh isteach.



Ciall cheannaithe: D'oibrigh na ceistneoirí páipéarbhunaithe go maith. Ní mór an ceistneoir a ghiorrú. Bhí ceistanna coinníollacha a thagraíonn do thréimhsí ama éagsúla (le 12 mhí anuas nó le 30 lá anuas) casta, agus ba mhinic go raibh cúnamh ag teastáil ó bhaill foirne ina leith.

Táscairí DRID a bailíodh sa staidéar

Tástáilte/tomhaiste:

- 1) Leitheadúlacht víreimeach HCV
- 2) Leitheadúlacht HIV
- 3) Leitheadúlacht HBV (ionfhabhtú ainsealach agus ionfhabhtú roimhe)
- 4) Leitheadúlacht vacsaínithe HBV (luach faisnéiseach íseal, áfach, mar gheall ar theorainn ard braite samplaí DBS le haghaidh frith-HBanna)

Féintuairiscithe:

- 1) Líon a tástáladh (roimhe/le 12 mhí anuas) le haghaidh HBV, HCV, VEID, sífilis
- 2) Líon ar diagnósíodh go raibh HBV, HCV, VEID, sífilis orthu
- 3) Líon a fuair cóireáil roimhe má thuairiscigh siad go raibh siad deimhneach le haghaidh HCV (faoi láthair/roimhe, an líon a fuair cóireáil éifeachtach má fuarthas cóireáil roimhe seo), VEID
- 4) Úsáid snáthaidí/steallairí neamhsteiriúla (glacadh le feistí ó dhuine eile) riamh/le 30 lá anuas/instealladh deireanach
- 5) Cócaireán, spúnóg, scagaire, uisce a úsáid (glacadh le feistí ó dhuine eile) riamh/le 30 lá anuas
- 6) Líon na laethanta insteallta le 30 lá anuas agus líon na n-ionfhabhtuithe in aghaidh an lae
- 7) Áiteanna le snáthaidí/steallairí steiriúla a fháil le 30 lá anuas
- 8) OAT (riamh/faoi láthair)
- 9) Blianta ón gcéad instealladh
- 10) Príomhdhrua
- 11) Stair phríosúnachta lena n-áirítear drugaí a instealladh i bpríosún
- 12) Caidreamh collaí (inscne agus líon páirtithe gnéis)
- 13) Úsáid coiscíní
- 14) Obair ghnéis (le 12 mhí anuas)
- 15) Úsáid drugaí insteallta páirtí gnéis deireanaigh
- 16) Ródháileog

- 17) Táscairí sochdhéimeagrafacha (lena n-áirítear inscne, aois, tír bhreithe, easpa dídine, stair scoile, foinse ioncaim)

Ciall cheannaithe: níorbh fhéidir an cheist faoi líon na laethanta insteallta



(féintuairiscithe) a úsáid le haghaidh anailísiú toisc gur dócha go raibh na freagraí neamhbhailí. Ar an iomlán, bhí ceisteanna a bhain le húsáid drugaí agus/nó le comhroinnt feistí insteallta úsáidte dúshlánach. Ba chosúil go raibh sé ródheacair tuairisc a dhéanamh ina leith, toisc gur minic a bhí mearbhall ann maidir leis an tréimhse ama (le 12 mhí anuas nó le 30 lá anuas).

Anailís sonraí

Tarlú galair (leitheadúlacht/ráta tarlaithe)

Rinneadh an leitheadúlacht a mheas le haghaidh HBV, HCV agus VEID.

Tomhas comhlachais (fachtóirí riosca)

Ní dhearnadh aon MVAnna mar gheall ar an líon beag rannpháirtithe sa staidéar. Rinneadh roinnt anailís dé-athráideacha leis na príomhthosca riosca a chuirtear in iúl sa litríocht. Foilseofar na torthaí go luath.

Ualú

Ní dhearnadh aon ualú le haghaidh na n-anailísí, agus cuireadh na sonraí in iúl i leith an líon iomlán rannpháirtithe nó i leith rannpháirtithe in aghaidh na cathrach a bhí páirteach sa staidéar.

Nasc díreach chuig idirghabháil mar chuid den staidéar (e.g. nascáil le cúram nó vacsaíniú)

- Comhairleoireacht réamhthástála á tairiscint (foireann oilte), más rud é gur theastaigh ón rannpháirtí tástáil PoC a fháil (brainse staidéir 2) nó gur theastaigh uaidh torthaí tástála a fháil ó thástáil DBS (brainse staidéir 3)
- Cuireadh mearthástáil frith-VEID agus frith-HCV ar fáil saor in aisce (brainse staidéir 2)
- Comhairleoireacht iarthástála (Dochtúirí) i gcás glacadh le torthaí tástála (brainse staidéir 3)

Bhí atreorú le haghaidh cóireáil nó tástáil dheimhnitheach dúshlánach, áfach, de réir na mball foirne.



Ciall cheannaithe: Bhí iarracht mhór bhreise ag teastáil chuige sin ó thaobh foirne agus maoinithe de; ní thairgfear tástálacha PoC mar chuid den staidéar a thuilleadh le haghaidh babhtaí amach anseo, ach seolfar torthaí saotharlainne chuig saoráidí. Bacainn amháin sa Ghearmáin is ea na rialacháin dhlíthiúla, nach gceadaítear ach do dhochtúirí torthaí tástálacha saotharlainne a thabhairt ar ais. Le linn na meastóireachta, mheas baill foirne gur oibleagáid dhlíthiúil é na torthaí a chur ar ais, áfach, agus bhí siad páirteach cheana féin i gcomhoibriú, e.g. le saoráidí OAT nó le dochtúirí leighis ag seirbhísí áitiúla SEIF.

Comhairleoireacht réamhthástála agus iarthástála/torthaí tástála agus nasc le cúram

- Cuireadh mearthástáil frith-VEID agus frith-HCV ar fáil chomh maith le comhairleoireacht réamhthástála agus iarthástála (brainse staidéir 2)

Samplaí dea-chleachtais de shuirbhéanna chun faireachán a dhéanamh ar ghalair thógálacha a bhaineann le drugaí san Eoraip

- Rinneadh comhairleoireacht réamhthástála agus, nuair ba ghá, comhairleoireacht iarthástála freisin agus na torthaí saotharlainne á dtabhairt ar ais (brainse staidéir 3)

Scaipeadh torthaí

- Tuarascáil deiridh lena n-áirítear tuarascálacha in aghaidh stáit cónaidhme agus in aghaidh cathrach inar earcaíodh ní ba mhó ná 30 rannpháirtí staidéir
- Cruinnithe le páirtithe leasmhara náisiúnta
- Cruinnithe le páirtithe leasmhara cathrach
- Comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Suíomh gréasáin
- Tá roinnt foilseachán piarmheasúnaithe idirnáisiúnta agus Gearmánach á n-ullmhú faoi láthair.

Formheas cosanta sonraí/eitice

Fuarthas formheas eiticiúil ón gcoiste eitice i gCumann Liachta Bheirlín (ETH-51/10) i mí na Nollag 2020. Rinne an gnólacht dlí Schürmann measúnú ar chosaint sonraí (DSGVO) agus rinne sé measúnú tionchair ar chosaint sonraí (DSFA) don phrótacal staidéir agus do na conarthaí a bhí ag teastáil don staidéar agus d'fhormheas sé iad i mí na Bealtaine 2021. Shínigh na rannpháirtithe go léir foirm maidir le toiliú feasach lena gceadaítear a gcuid sonraí anaithnide a úsáid lena bhfoilsíú.

Costais a bhaineann leis an staidéar agus foinse an chistithe

Chuir Aireacht Sláinte na Gearmáine an maoiniú ar fáil don staidéar. Thart ar EUR 644 ab ea an costas in aghaidh an rannpháirtí.

Ciall cheannaithe ar an iomlán



- Is láidreachta agus laige araon é rannpháirtithe a earcú mar chuid den ghnáthobair laethúil ag na saoráidí tairsí ísle agus ag seirbhísí OAT. Níor earcaíodh ach daoine a raibh teacht acu ar sheirbhísí cheana féin.
- Ní mór an ceistneoir a ghiorrú, agus ní mór líon na n-ionad le haghaidh DBS a laghdú.
- Ní mór ábhair staidéir a bheith sothuigte agus ullmhaithe go maith. Ní mór oiliúint leordhóthanach a thairiscint chun a áirithiú nach mbeidh cúram faireacháin leanúnaigh gan cistiú breise ar na saoráidí.
- Níorbh fhéidir bacainní teanga a shárú trí idirghabháil teanga ar an nguthán, bhí baill foirne a raibh scileanna aistriúcháin acu gann i roinnt seirbhísí. Bhí an t-ábhar staidéir aistrithe úsáideach, ach níorbh fhéidir leis na bacainní teanga maidir le rannpháirtíocht sa staidéar a shárú go hiomlán.

Príomhláidreachtaí

- Ghlac rannpháirtithe sa staidéar go maith le hearcaíocht i seirbhísí tairsí ísle agus i saoráidí OAT agus d'éirigh go maith leis dul i dteagmháil le spriocphobal an staidéir.
- D'éirigh go han-mhaith leis an gcomhoibriú le seirbhísí áitiúla VEID agus ba cheart é a mholadh don am amach anseo.

Samplaí dea-chleachtais de shuirbhéanna chun faireachán a dhéanamh ar ghalair thógálacha a bhaineann le drugaí san Eoraip



Tuilleadh léitheoireachta

Doiciméid staidéir:

- Prótacal staidéir:
https://www.rki.de/DE/Content/InfAZ/H/HIVAIDS/Studien/DRUCK-Studie/Druck_2.0.html
- Níosanna imeachta oibríochta caighdeánacha (i nGearmáinis) ar fáil arna n-iarraidh sin
- Ceistneoir: https://www.rki.de/DE/Content/InfAZ/H/HIVAIDS/Studien/DRUCK-Studie/Fragebogen_Druck2.0_En.pdf?__blob=publicationFile

Foilseacháin:

- Níl sé ar fáil go fóill, ach déanfar é a uaslódáil anseo:
https://www.rki.de/DE/Content/InfAZ/H/HIVAIDS/Studien/DRUCK-Studie/Druck_2.0.html

Clár for-rochtana HCV-UD, Lucsamburg

- **Clár for-rochtana HCV-UD i mbeagán focal:** Staidéar trasghearrthach lena n-áirítear obair leantach maidir le hualach víreasach HCV tar éis cóireáil DAA.

Príomhláidreachtaí: Shroich earcaíocht i seirbhísí tairsí ísle an pobal ardriosca. Cóireáil agus nasc chuig cúram le speisialtóir galar tógálach.

Príomhlaige: bhí caitheamh gníomhach drugaí ag cur teorainn leis an rochtain ar chóireáil DAA. Ní raibh an fhoireann staidéir mar chuid den tseirbhís, rud a chuir cosc ar shreabhadh oibre éifeachtach idir na gníomhaithe éagsúla. Thóg sé dhá sheachtain ar a laghad chun torthaí maidir le hualach víreasach a thabhairt ar ais.

Teagmháil: Carole Devaux: Carole.Devaux@lih.lu

Cur isteach sampla dea-chleachtais: Meitheamh 2023

Aidhm agus cuspóirí

- Próifíl agus nósanna PWIDanna gníomhacha a thréithriú
- Tástáil a chur ar fáil agus nasc a dhéanamh le cúram leighis
- Imscrúdú a dhéanamh i measc PWIDanna ar leanúnachas cúraim HCV
- Tionscnaimh um chosc a fheabhsú agus imscrúdú a dhéanamh ar na bacainní ar chóireáil



Ciall cheannaithe: Is deacair na nósanna reatha maidir le caitheamh drugaí a fháil amach faoi chuimsiú tionscadail taighde maidir le galair thógálacha; tá sé níos éasca i gcomhthéacs gníomhaíochtaí seomra caite drugaí, áit nach bhfuil aon phionósú ar úsáid drugaí.

Pobal staidéir/critéir maidir le cuimsiú

Daoine fásta a bhfuil aon druga caite acu (go hinfhéitheach nó eile)



Ciall cheannaithe: Ba cheart gan úsáid cannabais a áireamh mar an chéad druga a caitheadh.

Dearadh staidéir

Staidéar tosaigh trasghearrthach le hobair leantach ar ualach víreasach HCV tar éis cóireáil DAA.

Straitéis samplála

Staidéar cúlghabhálach ilionaid.

Dreasacht

Coinnítear liosta ainmneacha i ngach ionad sna comhaid chlárúcháin chun rannpháirtíocht dhúblach a sheachaint. Sa tréimhse ó 2015 go 2019, áiríodh sa dreasacht scagthástáil le haghaidh heipitíteas C agus meastóireacht le haghaidh fiobrúise ar an ábhar gurbh eol do go leor acu go raibh stádas deimhneach HCV acu, chomh maith le scagthástáil le haghaidh galair thógálacha eile. In 2022, cuireadh dreasacht airgid i bhfeidhm, agus fuair rannpháirtithe EUR 10 as bheith páirteach.

Samplaí dea-chleachtais de shuirbhéanna chun faireachán a dhéanamh ar ghalair thógálacha a bhaineann le drugaí san Eoraip

Láithreán earcaíochta/staidéir

Tharla earcaíocht agus rannpháirtíocht sa staidéar i seomraí caite drugaí agus i seirbhísí tairsí ísle um laghdú díobhála.

Comhdhéanamh na mball staidéir

Speisialtóir galar tógálach amháin, altra amháin agus dochtúir amháin ab ea an fhoireann staidéir. Bhí an dochtúir ina bhall buan den fhoireann ar an láthair, agus thaistil an speisialtóir agus an altra galar tógálach ó láithreán go láithreán de réir mar ba ghá.

Samplamhéid

480

Tréimhse bailithe sonraí (bliain agus fad)

2015-2019 maidir le hearcaíocht go dtí 2021 le haghaidh obair leantach ar an ualach víreasach chun go n-éireoidh leis an gcóireáil.

Eiseamal bailithe agus tástáil

Samplaí fola arna dtarraingt ag altraí.

Bithchomharthaí	Cineál tástála
<u>Heipitíteas C:</u> RNA frith-HCV agus HCV, ualach víreasach i gcás séireolaíocht dheimhneach agus bithchomharthaí ae, Fibroscan	Séireolaíocht, ualach víreasach roimh chur chun feidhme GenXpert in 2022 sa seomra caite drugaí agus in dhá ionad cóireála drugaí in 2023
<u>Heipitíteas B:</u> Séireolaíocht HBV, ualach víreasach i gcás séireolaíocht dheimhneach agus bithchomharthaí ae, Fibroscan	Séireolaíocht, ualach víreasach déanta san ospidéal (ní dhéantar ach HCV-RNA ar an láthair leis an GenXpert)
<u>VEID:</u> Frith-VEID agus dabú Western le haghaidh deimhniú	Séireolaíocht, ualach víreasach déanta san ospidéal (ní dhéantar ach HCV-RNA ar an láthair le GenXpert)
<u>Sifilis:</u> Séireolaíocht sifilise	Séireolaíocht

Bailiú sonraí – ceistneoir

Rinneadh agallaimh le ceistneoir caighdeánaithe inar áiríodh saintréithe déimeagrafacha agus sóisialta, patrúin úsáide drugaí, agus iompraíochtaí um laghdú riosca agus díobhála. Ar dtús, bhí an ceistneoir páipéarbhunaithe, ach cuireadh formáid leictreonach (ríomhaire) ina ionad.



Ciall cheannaithe: Bhí an ceistneoir rófhada (45 cheist), ní mór é a ghiorrú.

Táscairí DRID a bailíodh sa staidéar

- Féach an ceistneoir i bhFraincis ar cheart do TROD é a líonadh tráth na scagthástála le haghaidh RNA-HCV agus VEID/sifilis anois. Ba cheart dúinn fad an cheistneora a laghdú. Tá sé an-deacair ceisteanna maidir le gníomhaíocht

Samplaí dea-chleachtais de shuirbhéanna chun faireachán a dhéanamh ar ghalair thógálacha a bhaineann le drugaí san Eoraip

ghnéasach a chur chomh maith le ceisteanna ar chaitheamh drugaí reatha (bíonn caitheamh drugaí roimhe seo go breá).

- Ós rud é go moltar cóireáil a chur ar othair ar an láthair anois, tarraingíodh fuil eile ó gach othar a chuaigh faoi chóireáil. Tharraing altra nó dochtúir an láithreáin an fhuil agus rinne anailísí lenarbh fhéidir an t-ualach víreasach a leanúint le linn na cóireála agus le haghaidh SVR 3, SVR 6, SVR 12. Coinnítear na sonraí sin san ospidéal chun measúnú a dhéanamh ar leanúnachas cúraim agus ath-ionfhabhtú HCV maidir leis an othar.
- Baileofar na sonraí ansin maidir leis an bplean heipitítis.

Anailís sonraí

Tarlú galair (leitheadúlacht/ráta tarlaithe):

- Leitheadúlacht agus céim fiobróise in úsáideoirí gníomhacha drugaí ardriosca
- Glacadh cóireála i suíomhanna tairsí ísle
- Contanam an phróisis cúraim
- SVR agus gan teacht le haghaidh obair leantach
- Anailís filigéinitice

Tomhas comhlachais (fachtóirí riosca)

Rinneadh MVA le haghaidh IgG agus RNA HCV agus iad á gcur san áireamh le caitheamh drugaí agus saintréithe sochdhéimeagrafacha, sonraí cliniciúla, agus fachtóirí riosca ón litríocht. Foilseofar sonraí.

Ualú

Ní dhearnadh aon ualú le haghaidh na n-anailísí.

An bhfuil nasc díreach le hidirghabháil mar chuid den staidéar (e.g. nasc le cúram nó vacsaíniú)?

Tá

An bhfuil comhairleoireacht réamhthástála agus iarthástála/torthaí tástála agus nasc le cúram i gceist (san áireamh? Agus cén dóigh?)

Tá, i gcomhar le ENR (an Berodung VEID le tacaíocht ó shíceolaí).

Scaipeadh torthaí

Cuireadh tuarascálacha faoi bhráid na hAireachta Sláinte (MoH).

Cruinnithe leis na páirtithe leasmhara:

- Comhdhálacha idirnáisiúnta
- Suíomh gréasáin (Dea-chleachtas EMCDDA maidir le cúram HCV in 2019)
- Tá foilseachán piarmheasúnaithe idirnáisiúnta amháin á ullmhú faoi láthair.

Formheas cosanta sonraí/eitice

D'fhorghas an coiste eitice náisiúnta an staidéar. Sholáthair na rannpháirtithe go léir toiliú feasach i scríbhinn.

Samplaí dea-chleachtais de shuirbhéanna chun faireachán a dhéanamh ar ghalair thógálacha a bhaineann le drugaí san Eoraip

Costais a bhaineann leis an staidéar agus foinse an chistithe

Ó 2023 ar aghaidh, tá tionscadal GenXpert á mhaoiniú ag an MoH agus cosnaíonn sé EUR 180 000 in aghaidh na bliana chun altra, imoibrithe, TROD agus cúpóin amháin a mhaoiniú.

Tá oiliúint agus dreasachtaí do phiaráí a bheidh ann amach anseo beartaithe do 2024, is é EUR 250 000 an buiséad iomlán a bheidh ann.




Ciall cheannaithe ar an iomlán

- Tástáladh 60 % deimhneach le haghaidh IgG ach bhí séireadeimhneacht ar eolas cheana féin ag an gcuid ba mhó
- Rinneadh nasc le cúram san ospidéal ar dtús agus ansin ar láithreáin cóireála drugaí
- Bhí an mhoill leis na torthaí saotharlainne ba ghá chun cóireáil a thionscnamh rófhada (> 2 sheachtain le haghaidh ualach víreasach)
- Ba é an speisialtóir galar tógálach a rinne an cinneadh maidir leis an gcóireáil a thionscnamh bunaithe ar chaitheamh drugaí agus ar thithíocht
- Breathnóireacht laethúil ar chóireáil DAA ar láithreáin cóireála drugaí (gan mórán solúbthachta chun DAA a shíneadh go roinnt laethanta)
- Breathnaíodh ualach víreasach chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht chóireáil DAA go príomha trí chomhairliúcháin le tarraingt fola san ospidéal, líon beag ar láithreáin, LTFU, SVR ní fios
- Níor cuireadh meatadón íseal-dáileoige ar fáil ar an láthair dóibh siúd nár bhain leas as OAT
- Bhí an ceistneoir eipidéimeolaíochta rófhada (minicíocht/cineál caite drugaí reatha, iompraíocht ghnéasach, tástáil roimhe seo le haghaidh VEID nó HCV)

Príomhláidreachtaí

- Anois sa staidéar, cuirfear cóireáil ar an láthair ar fáil laistigh de 24 uair an chloig, agus breathnófar tuilleadh samplaí fola d'ualach víreasach ar na láithreáin.
- Moltar dreasachtaí EUR 10 de chúpón bia a úsáid le haghaidh scagthástáil.
- An dochtúir atá ag obair ar an láithreán um laghdú díobhála.



Tuilleadh léitheoireachta

Doiciméid staidéir:

- Ábhair staidéir ar fáil arna iarraidh sin.
- Ceistneoir: ar fáil ach é a iarraidh

Foilseacháin:

- Tá lámhscríbhinn á hullmhú

Suirbhéanna trasghearrthacha leantacha

ARISTOTLE (2013-2012), ARISTOTLE HCV-HIV (2018-2020), ALEXANDROS (2019-2021), an Ghréig

Aristotle, Alexandros i mbeagán focal: Suirbhéanna trasghearrthacha pobalbhunaithe arís agus arís eile le samplaí bunaithe ar fhreagróirí (RDS) i measc PWIDanna (atá cothrom le dáta den chuid is mó, nach bhfuil nasctha le OAT) sa Ghréig

Príomhláidreachtaí: Cumhdach ard pobail, sonraí luachmhara chun faireachán a dhéanamh ar threochtaí agus chun ráta tarlaithe, etc., a mheas. Is féidir rannpháirtithe athfhillteacha a rianú idir suirbhéanna/cláir

Príomhlaige: Tá RDS dian ar acmhainní, teastaíonn iarracht bhreise chun faisnéis a bhailiú lena féidir daoine aonair a shainaithint go huathúil ar fud suirbhéanna

Teagmháil: Vana Sypsa (vsipsa@med.uoa.gr)

Cur isteach sampla dea-chleachtais: Meitheamh 2023

Aidhm agus cuspóirí

Diagnóis agus naisc le cúram do ghalair thógálacha a mhéadú sa phobal PWIDanna

Pobal staidéir/critéir maidir le cuimsiú

PWIDanna (dírithe go príomha ar PWIDanna **reatha**), **nach bhfuil nasctha** le seirbhísí eile (riosca níos airde, rátaí níos ísle diagnóisithe/cóireála).



Ciall cheannaithe: Le húsáid RDS (slabhra atreoraithe piarbhunaithe le dreasachtaí airgeadaíochta), is féidir PWIDanna a bhíonn ag úsáid drugaí insteallta ar bhonn reatha a chlárú agus, go minic, is daoine iad nach bhfuil nasctha le seirbhísí eile/OAT, etc. Tá gá le taighde foirmitheach nó le sonraí eile atá ann cheana chun a mheas an bhfuil PWIDanna imirceacha ann agus a dtír thionscnaimh ann chun a áirithiú go mbeidh idirghabhálaithe cultúrtha agus/nó ateangairí ann agus nach bhfágfar na daoine sin ar lár.

Dearadh staidéir

Roinnt suirbhéanna trasghearrthacha (d'fhéadfadh gach duine páirt a ghlacadh i mbabhtáí iomadúla – ach uair amháin i ngach babhta) le RDS.



Ciall cheannaithe: Chun rannpháirtithe athfhillteacha a rianú, teastaíonn aitheantóir uathúil anaithnid e.g. dáta breithe iomlán, an tríú litir d'ainm an athar, an tríú litir d'ainm na máthar agus gnéas. Is féidir an cód sin a úsáid ansin chun tacair sonraí a chumasc.

Na buntáistí a bhaineann le suirbhéanna iomadúla a úsáid: méadú ar chumhdach pobail an chláir, méadú ar naisc le cúram (e.g. i gcás othair nach raibh nasctha le cúram i suirbhé amháin, d'fhéadfaí iad a nascadh le cúram sa chéad suirbhé eile), measúnú ar athruithe ar iompraíochtaí riosca agus ar stádas VEID/HCV (séireachomhshó) le himeacht ama, meas ar ráta tarlaithe VEID/HCV, meas ar mhéid an phobail PWIDanna le gabháil-athghabháil agus na babhtáí RDS á n-úsáid mar fhoinsí.

Samplaí dea-chleachtais de shuirbhéanna chun faireachán a dhéanamh ar ghalair thógálacha a bhaineann le drugaí san Eoraip

Straitéis samplála

Slabhra atreoraithe piarbhunaithe/RDS Ciall cheannaithe: Leis an modh sin, is féidir dul isteach go domhain sa líonra PWIDanna (slabhraí fada earcaíochta) agus cumhdach ard pobail a bhaint amach go tapa.



Dreasacht

Tugadh EUR 5 mar phríomhdhreasacht, agus tugadh EUR 3 breise as rannpháirtí breise a earcú (triúr earcach ar a mhéad).

Láithreán earcaíochta/staidéir

- ARISTOTLE: An Aithin
- ARISTOTLE HCV-HIV: An Aithin
- ALEXANDROS: Thessaloniki

Comhdhéanamh na mball staidéir

- ARISTOTLE: Dochtúir amháin, síceolaí amháin (agallaimh, comhairleoireacht, nasc le cúram), ceathrar oibrí sóisialta/shocheolaí/phiara (agallaimh, nasc le cúram), beirt idirghabhálaithe chultúrtha
- ARISTOTLE HCV-HIV: Dochtúir amháin, altra amháin, cúigear socheolaithe/síceolaithe/piaraí (agallaimh, nasc le cúram)
- ALEXANDROS 2018-2020: Dochtúir/altra amháin, beirt shíceolaithe/shocheolaithe agus piara amháin (agallaimh, nasc le cúram)

Samplamhéid (rannpháirtithe uathúla i ngach babhta de gach clár)

- ARISTOTLE: 3 320
- ARISTOTLE HCV-HIV: 1 634
- ALEXANDROS: 1 101

Tréimhse bailithe sonraí (bliain agus fad)

- ARISTOTLE: 2012-2013, 16 mhí
- ARISTOTLE HCV-HIV: 2018-2020, 22 mhí
- ALEXANDROS: 2019-2021, 22 mhí

Eiseamal bailithe agus tástáil

- ARISTOTLE: samplaí fola (dochtúir)
- ARISTOTLE HCV-HIV: samplaí fola (dochtúir nó altra)
- ALEXANDROS: mearthástálacha agus samplaí fola ó na daoine a bhfuil tástáil dheimhneach acu (dochtúir nó altra)

Bithchomharthaí	Cineál tástála
<u>Heipitíteas C:</u> ARISTOTLE: Frith-HCV (le haghaidh insteallairí 'nua' go príomha) ARISTOTLE HCV-HIV agus ALEXANDROS: Frith-HCV, RNA HCV	ARISTOTLE: frith-VEID agus deimhniú le dabú Western. Le haghaidh torthaí neamhchinntithe, RNA VEID. Tástáil frith-HCV. ARISTOTLE HCV-HIV: frith-VEID agus deimhniú le Geenius HIV 1/2 Confirmatory Assay. Frith-HCV agus RNA HCV. Tástálacha breise chun cóireáil HCV a thionscnamh (géinitíopa HCV, comhaireamh fola iomlán, tástálacha bithcheimiceacha, am próthrombin). Fibroscan. HBsAg.
<u>VEID:</u> ARISTOTLE, ARISTOTLE HCV-HIV, ALEXANDROS: Tástálacha frith-HIV agus deimhniúcháin	
<u>Heipitíteas B:</u> ARISTOTLE HCV-HIV, ALEXANDROS: HBsAg ina measc siúd a fuair toradh deimhneach i mearthástálacha HCV/HIV	ALEXANDROS: Mearthástálacha le haghaidh frith-VEID agus frith-HCV. Tástáladh samplaí fola a bailíodh le haghaidh frith-HIV le deimhniú ó Geenius HIV 1/2 Confirmatory Assay chomh maith le tástáil le haghaidh frith-HCV agus RNA HCV. Tástálacha breise chun cóireáil HCV a thionscnamh (géinitíopa HCV, áireamh iomlán fola, tástálacha bithcheimiceacha, am prótroimbin) agus HBsAg.

Bailiú sonraí – ceistneoir

Bailíodh sonraí in agallaimh ríomhchuidithe pearsanta.



Ciall cheannaithe: D'éascaigh agallaimh ríomhchuidithe fáil réidh ar na sonraí

Táscairí DRID a bailíodh sa staidéar

Steallairí agus trealamh eile a roinnt:

- Le 12 mhí anuas, cé chomh minic a d'úsáid tú steallairí ar úsáid duine eile iad lena instealladh féin?
- Le 12 mhí anuas, nuair a rinne tú instealladh, cé chomh minic a d'úsáid tú uisce a d'úsáid duine eile cheana féin? (an cheist chéanna maidir le cadás, cócaireán)
- Le 12 mhí anuas, nuair a rinne tú instealladh, cé chomh minic a d'úsáid tú drugaí a roinneadh le steallaire a d'úsáid eile lena instealladh féin roimhe sin?
- An uair dheireanach a rinne tú instealladh i gcomhar le duine eile, ar úsáid tú snáthaid tar éis d'aon duine eile instealladh a dhéanamh leis roimhe sin?
- An uair dheireanach a rinne tú instealladh i gcomhar le duine, ar úsáid tú cócaireán, cadás nó uisce a d'úsáid aon duine eile roimhe sin?

Tástáil agus diagnóis a dhéanamh

Cé is moite den fhaisnéis ó thástáil HCV/HIV a rinneadh sna cláir, cuireadh na ceisteanna seo a leanas:

- Ar tástáladh riamh thú le haghaidh VEID? (agus dáta na tástála is déanaí)
- Cén toradh a bhí ar an tástáil VEID is déanaí a rinneadh ort?

Samplaí dea-chleachtais de shuirbhéanna chun faireachán a dhéanamh ar ghalair thógálacha a bhaineann le drugaí san Eoraip

- An bhfuil cógais fhrith-aisvíreasacha á nglacadh agat faoi láthair chun d'ionfhabhtú VEID a chóireáil?
- Ar diagnóisíodh thú le heipitíteas riamh?
- Cén cineál nó cineálacha heipitítis a bhí ort?
- Ar thóg tú cógas riamh chun d'ionfhabhtú heipitíteas C a chóireáil?
- Ar chuir do dhochtúir in iúl duit gur leigheasadh d'ionfhabhtú heipitíteas C tar éis duit cógais a fháil le haghaidh heipitíteas C?

NSP

- Le 12 mhí anuas, an bhfuair tú aon steallaire trí na gníomhaíochtaí coisctheacha seo?
- Le mí anuas, cé mhéad steallaire nua a fuair tú mar chuid de na gníomhaíochtaí coisctheacha sin?

Anailís sonraí

Tarlú galair (leitheadúlacht/ráta tarlaithe)

- Leitheadúlacht frith-HIV agus frith-HCV/heipitíteas C ainsealaigh
- Ráta tarlaithe VEID (trí shéireachomhshó breathnaithe agus trí shamhaltú matamaiticiúil)
- Ráta tarlaithe maidir le hionfhabhtú príomhúil HCV (trí shéireachomhshó breathnaithe nó trí leitheadúlacht frith-HCV i measc insteallairí 'nua')

Tomhas comhlachais (fachtóirí riosca)

Cóimheasa corrlach agus cóimheasa guaise maidir le riosca a bheith VEID-deimhneach nó maidir le séireachomhshó VEID.

Ualú

Meastacháin atá ualaithe de réir RDS ar leitheadúlacht VEID

An bhfuil nasc díreach chuig idirghabháil mar chuid den staidéar (e.g. nascáil le cúram nó vacsaíniú)?

- Tá (nasc le cúram HCV agus VEID)
- In ARISTOTLE, eagraítear coinní le clinicí VEID.
- In ARISTOTLE HCV-HIV, thug othair ar a raibh heipitíteas C ainsealach cuairt ar na clinicí le cabhair ó phiarthreoraí nó ó na dochtúirí ar thug siad cuairt orthu ar an láithreán staidéir
- In ALEXANDROS, cuireadh othair heipitíteas C ainsealach i dteagmháil le DAAnna maidir le cóireáil agus fuair siad a n-oidis tríd an gclár. Thug piarthreoraí othair VEID chuig a gcéad choinne sa chlinic VEID (d'eagraigh an pearsanra coinní).

An bhfuil comhairleoireacht réamhthástála agus iarthástála/torthaí tástála agus nasc le cúram i gceist (san áireamh? Agus cén dóigh?)

Comhairleoireacht réamhthástála agus iarthástála ón dochtúir/altra (in ARISTOTLE, bhí síceolaí páirteach freisin chomh maith le saoráláí ó chumann othar VEID)

Scaipeadh torthaí

Scríobhadh tuarascálacha don Eagraíocht Sláinte Poiblí Náisiúnta agus don Aireacht Sláinte. Foilseacháin sa phreas (ailt i gcló nó ar líne). Comhdhálacha agus cuirí chun cainte ag cruinnithe saineolaithe (féach an bosca léitheoireachta breise).

Samplaí dea-chleachtais de shuirbhéanna chun faireachán a dhéanamh ar ghalair thógálacha a bhaineann le drugaí san Eoraip

Formheas cosanta sonraí/eitice

Faighte (Ollscoil Náisiúnta agus Kapodistrian na hAithne, Cumann Eolaíochta Heilléanach um Staidéar ar VEID agus ar DTSanna).

Costais a bhaineann leis an staidéar agus foinse an chistithe

- ARISTOTLE: Maoiniú náisiúnta agus maoiniú AE
- ARISTOTLE HCV-HIV: Cistiú príobháideach
- ALEXANDROS: Cistiú príobháideach


Ciall cheannaithe ar an iomlán

- Ní mór nós imeachta a chur ar bun chun rannpháirtithe athfhillteacha a rianú i mbabhtaí iomadúla (ach ní mór é sin a dhéanamh fiú má dhéantar babhta RDS amháin) – tá iarracht bhreise ag teastáil chun é sin a dhéanamh ach ní féidir é a sheachaint nuair a áirítear RDS (agus cuireann sé le láidreachtaí an chláir i ndáiríre)
- Ceistneoir fada

Príomhláidreachtaí

- Cumhdach ard pobail
- Rochtain a dhéanamh ar PWIDanna ardriosca i dtaca le hionfhabhtú/tarchur agus a bhfuil rochtain theoranta acu ar thástáil agus ar chóireáil (insteallairí reatha den chuid is mó, gan nasc le seirbhísí eile)
- Sonraí luachmhara chun faireachán a dhéanamh ar threochtaí, chun ráta tarlaithe a mheas, etc.

Is é an deacracht a bhaineann leis an dearadh sin (suirbhéanna trasghearrthacha arís agus arís eile ina n-úsáidtear RDS chun PWIDanna a earcú) dearadh an tsuirbhé RDS seachas cé acu a bheidh babhta amháin nó babhtaí iomadúla ann nó nach mbeidh.



Tuilleadh léitheoireachta

Foilseacháin:

Ráta tarlaithe, leithéadúlacht agus fachtóirí riosca, treochtaí le himeacht ama

- Sypsa V, et al. Homelessness and Other Risk Factors for HIV Infection in the Current Outbreak Among Injection Drug Users in Athens, Greece. American Journal of Public Health. 2015;105(1):196-204.
- Hatzakis A, et al. Design and baseline findings of a large-scale rapid response to an HIV outbreak in people who inject drugs in Athens, Greece: the ARISTOTLE programme. Addiction. 2015;110(9):1453-67.
- Pavlopoulou ID, et al. High-risk behaviors and their association with awareness of HIV status among participants of a large-scale prevention intervention in Athens, Greece. BMC Public Health. 2020; 20(1):105. doi: 10.1186/s12889-020-8178-y.

- Sypsa V, et al. Rapid Decline in HIV Incidence Among Persons Who Inject Drugs During a Fast-Track Combination Prevention Program After an HIV Outbreak in Athens. *J Infect Dis.* 2017;215(10):1496-505.
- Sypsa V, et al. Food insecurity among people who inject drugs in Athens, Greece: a study in the context of ARISTOTLE programme. *Public Health Nutr.* 2021;24(5):813-8.
- Roussos S, et al. Ongoing HIV transmission following a large outbreak among people who inject drugs in Athens, Greece (2014-20). *Addiction.* 2022;117(6):1670-1682.
- Sypsa V, et al. A new outbreak of HIV infection among people who inject drugs during the COVID-19 pandemic in Greece. *Int J Drug Policy.* 2023;117:104073.

Saintréithe líonra

- Tsang MA, et al. Network Characteristics of People Who Inject Drugs Within a New HIV Epidemic Following Austerity in Athens, Greece. *Journal of AIDS.* 2015;69(4):499-508.

Meastachán ar mhéid an phobail

- Roussos S, et al. Estimating the number of people who inject drugs using repeated respondent-driven sampling (RDS) in a community-based program: implications for the burden of hepatitis C and HIV infections and harm reduction coverage. *AIDS Behav.* 2023;27(2):424-430.

Samhaltú matamaiticiúil ráig VEID 2011.

- Flountzi E, et al. Modeling the impact of interventions during an outbreak of HIV infection among people who inject drugs in 2012-2013 in Athens, Greece. *Drug and alcohol dependence.* 2022;234:109396.

Básmhaireacht i measc PWIDanna sa Ghréig

- Roussos S, et al. High levels of all-cause mortality among people who inject drugs from 2018 to 2022. *Int J Drug Policy.* 2024;126:104356. doi: 10.1016/j.drugpo.2024.104356.

Anailís mhóilíneach

- Paraskevis D, et al. Molecular investigation of HIV-1 cross-group transmissions during an outbreak among people who inject drugs (2011-2014) in Athens, Greece. *Infect Genet Evol.* 2018;62:11-16.

Needle Exchange Surveillance Initiative [Tionscnamh um Fhaireachas Malartaithe Snáthaidí] (NESI), Albain

NESI i mbeagán focal: Suirbhé bith-iompraíochta trasghearrtha gan ainm i measc PWIDanna in Albain

Príomhláidreachtaí: Cumhdach náisiúnta agus ráta ard gabhála an spriocphobail

Príomhlaige: Rannpháirtíocht anaithnid (gan aon nasc le seirbhísí eile)

Teagmháil: Norah Palmateer: norah.palmateer@phs.scot; Sharon Hutchinson: sharon.hutchinson@phs.scot

Cur isteach sampla dea-chleachtais: Meitheamh 2023

Aidhm agus cuspóirí

Tomhas agus faireachán a dhéanamh ar mhéid ionfhabhtú HCV (agus BBVanna eile), iompraíochtaí riosca a instealladh agus glacadh seirbhísí um laghdú díobhála i measc PWIDanna in Albain.

Pobal staidéir/critéir maidir le cuimsiú

Drugaí a instealladh riamh (ach tá earcú iar-PWIDanna teoranta do thart ar 30 % den sampla).



Ciall cheannaithe: Tá sé tábhachtach anailísí a shrathú de réir PWIDanna roimhe seo nó reatha (i.e., instealladh le 6 mhí anuas)

Dearadh staidéir

Suirbhé [débhliantúil, nó mar sin] trasghearrthach bithiompair a dhéanamh arís.

Straitéis samplála

Áis-sampla de chliant a fhreastalaíonn ar láithreáin soláthar trealaimh insteallta (láithreáin IEP)(d'fhéadfadh láithreáin teiripe le hagónaithe ópóideacha agus/nó idirghabhálacha eile um laghdú díobhála a sholáthar freisin). Téitear i dteagmháil le gach cliant a d'fhéadfadh a bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh más féidir. Ríomhtar spriocanna earcaíochta do gach Bord NHS (réigiúin riaracháin um shláinte) bunaithe ar fhaisnéis eile faoi mhéid agus dáileadh na faidhbe drugaí le pobal ar fud gach ceann de na ceantair seo.

Dreasacht

Dearbhán 'Love to Shop' 10-20 punt (~ EUR 12 go EUR 24) (dearbhan is féidir a chaitheamh in go leor siopaí sraithe sa Ríocht Aontaithe).

Láithreán earcaíochta/staidéir

Earcaíocht ar láithreáin IEP – cógaslanna pobail go príomha ach gníomhaireachtaí tiomnaithe a chuireann seirbhísí cóireála drugaí/seirbhísí um laghdú díobhála ar fáil freisin. Is iondúil go gcumhdaítear thart ar 50 % de 200 láithreán IEP san iomlán in Albain i ngach suirbhé. Roghnaítear láithreáin as gach ceann de Bhoird NHS (réigiúin riaracháin um shláinte) ar an mórtáir in Albain.

Samplaí dea-chleachtais de shuirbhéanna chun faireachán a dhéanamh ar ghalair thógálacha a bhaineann le drugaí san Eoraip

Comhdhéanamh na mball staidéir

Ní gá go mbeidh scileanna ná taithí ar leith ag baill foirne a dhéanann obair allamuigh, ach cuirtear oiliúint ar fáil dóibh.



Ciall cheannaithe: An tairbhe a bhaineann le foireann staidéir tiomnaithe neamhspleách a bheith ann (i.e. ní cógaiseoirí ná foireann seirbhíse) chun na hagallaimh a dhéanamh.

Samplamhéid

2 000 go 2 500 i ngach suirbhé (thart ar 10-15 % de phobal iomlán PWIDanna in Albain).

Tréimhse bailithe sonraí

Bailítear sonraí le haghaidh gach suirbhé le linn tréimhse (thart ar) 12 mhí, arb é sin an t-am a thógann sé chun Boird NHS uile (réigiúin riaracháin um shláinte) mhórtáir na hAlban a chumhdach i ndiaidh a chéile. Cuireadh seacht suirbhé curtha i gcrích go dtí seo: 2008-2009, 2010, 2011-2012, 2013-2014, 2015-2016, 2017-2018, agus 2019-2020, agus tá bailiú sonraí don ochtú suirbhé (2022-23) idir lámha.

Eiseamal bailithe agus tástáil

Spotaí fola arna mbailiú ag foireann oibre allamuigh (i.e. agallóirí).

Bithchomharthaí	Cineál tástála
<u>Heipitíteas C:</u> RNA frith-HCV agus HCV	Frith-HCV 2008-2009 go 2013-14: Ortho Save 3.0 EIA 2015-2016 ar aghaidh: Measúnacht Abbott Architect i200r Anti-HCV RNA HCV Suirbhéanna suas go dtí 2018: Tástáladh RNA HCV le measúnacht PCR 'inmheánach' tríd an bprótacal eastósctha le haghaidh DBS ar Easymag agus ar PCR fíor-ama Le haghaidh shuirbhé 2019-2020, baineadh RNA HCV amach agus méadaíodh é trí phrótacal sainithe saotharlainne ar ardán Abbott m200sp agus m200rt.
<u>Heipitíteas B:</u> Frith-HBc agus HbsAg (2013-2014 amháin)	Rinneadh ionnláití DBS a thástáil ar an Abbott Architect i2000sr leis na measúnachtaí seo a leanas: Antasubstaint Lárnach II Heipitíteas B, measúnacht Cháilíochtúil II Ailtire HBsAg agus measúnacht Deimhniúcháin Ailtire HBsAg. Deimhníodh samplaí HBsAg-deimhneach ar leibhéal íseal nach bhféadfaí a fhíorú trí neodrú ar an Architect leis an miniVIDAS HBsAg Ultra assay (bioMérieux, Marcy l'Étoile, an Fhrainc).
<u>VEID:</u> VEID Ag/Ab (ó 2011-12)	Samplaí a ndearnadh scagthástáil ina leith den chéad uair leis an measúnacht HIV Ag/Ab Combo ar an Architect i200sr. Deimhníodh torthaí deimhneacha VEID le hatástáil ar an Architect agus le measúnacht bhreise antasubstainte. Idir 2011-12 agus 2015-16, ba é ImmunoComb II HIV 1and2 BiSpot (Organics) an measúnú forlíontach agus ó

	2017 i leith ba é Geenius HIV 1/2 (Bio-Rad) an measúnú forlíontach.
--	---



Ciall cheannaithe: Tá gá le hoiliúint íosta chun spotaí fola a thógáil agus, dá bhrí sin, ní gá oiliúint a chur ar bhaill foirne maidir le féithiú. Déantar tástáil chomhthiomsaithe HCV RNA ar shamplaí diúltacha frith-HCV – i bhfianaise an lín ísil de chásanna RNA dearfach sa ghrúpa seo a raibh súil leis – rud a chabhraíonn le costais a íoslaghdú.

Bailiú sonraí – ceistneoir

Ceistneoir páipéir a thógann thart ar 20 nóiméad lena chur i gcrích, arna dhéanamh ag an agallóir.

Ciall cheannaithe: Tá sraith ‘croícheisteanna’ ann a coinníodh mar an gcéanna i ngach ceann de na suirbhéanna chun gur féidir faireachán a dhéanamh ar phríomhthreochtaí, ach cuireadh ceisteanna eile leis/baineadh ceisteanna eile – rud a d’fhág solúbthacht ann chun sonraí i dtaca le hábhair atá ag teacht chun cinn agus a bhaineann leis an tsláinte phoiblí a bhailiú de réir mar ba ghá.

Táscairí DRID a bailíodh sa staidéar

Tástáilte/tomhaiste (féach tuilleadh sonraí san Anailís sonraí):

- Leitheadúlacht ionfhabhtú ainsealach HBV
- Leitheadúlacht ionfhabhtaithe HCV ainsealaigh agus treochtaí ina leith
- Leitheadúlacht ionfhabhtú VEID
- Ráta tarlaithe ionfhabhtú HCV príomhúil

Féintuairiscithe:

- Leitheadúlacht snáthaidí/steallairí a úsáideadh cheana a roinnt (glacadh ó dhuine eile): riamh, le sé mhí anuas
- Leitheadúlacht feistí insteallta drugaí a úsáideadh cheana a roinnt (glacadh ó dhuine eile): riamh, le sé mhí anuas
- Leitheadúlacht insteallta drugaí: le sé mhí anuas, le 4 seachtaine anuas
- Drugaí a instealladh: le 6 mhí anuas
- Leitheadúlacht príosúnachta roimhe seo
- Leitheadúlacht easpa dídine
- Thíos le stiogma agus idirdhealú roimhe
- Dáileadh steallairí/snáthaidí (líon na snáthaidí/steallairí steiriúla a fuarthas i seachtain ar an meán le sé mhí anuas)
- Clúdach OAT: riamh, le sé mhí anuas, faoi láthair
- Cumhdach vacsaínithe HBV
- Úsáid coiscíní: le 6 mhí anuas
- Rochtain ar nalocsón: le 12 mhí anuas
- Tástáil VEID agus HCV: riamh, le 12 mhí anuas
- Diagnóis VEID agus HCV*
- Cóireáil VEID: faoi láthair
- Cóireáil HCV: riamh, le 12 mhí anuas

* Comhcheanglaíonn na bearta seo sonraí féintuairiscithe agus tástála. Maidir le diagnóis VEID, is ionann é sin agus líon na ndaoine aonair ag a bhfuil stádas

deimhneach VEID de réir tástála spotáí fola triomaithe agus a chuireann in iúl sa cheistneoir go bhfuil stádas deimhneach VEID acu (i.e. tá siad ar an eolas faoi). Maidir le diagnóis HCV, is é líon na ndaoine a bhfuil fianaise ar ionfhabhtú ainsealach le sonrú i dtástáil spotáí fola triomaithe a chuireann in iúl sa cheistneoir go bhfuil HCV orthu.

Anailís sonraí

Tarlú galair (leitheadúlacht/ráta tarlaithe)

- Leitheadúlacht frith-HCV
- Ráta tarlaithe ionfhabhtuithe príomhúla HCV (trí ionfhabhtuithe le déanaí a bhrath, i.e. HCV Ab-ve agus RNA +ve, agus tomhaistear iad freisin mar leitheadúlacht frith-HCV i measc na ndaoine sin a thosaigh ag instealladh le 3 nó 5 bliana anuas)
- Leitheadúlacht ionfhabhtaithe HCV ainsealaigh nó réitithe (i.e. % Ab +ve/RNA +ve, % Ab +ve/RNA -ve) (ó 2010)
- Leitheadúlacht VEID (ó 2011-12)
- Leitheadúlacht frith-HBc (2013-2014 amháin)
- Leitheadúlacht HbsAg i measc cásanna frith-HBc deimhneacha (2013-2014 amháin)

Tomhas comhlachais (fachtóirí riosca)

Tuairiscítear fachtóirí riosca maidir le hionfhabhtú i dtuarascáil NESI agus rinneadh anailís ar chomhlachais i bhfoilseacháin phiarmheasúnaithe. Féach an ‘bosca léitheoireachta breise’.

Ualú

Ní dhearnadh aon ualú.

Nasc díreach chuig idirghabháil mar chuid den staidéar (e.g. nascáil le cúram nó vacsaíniú)

Níl – rannpháirtíocht anaithnid. Treoraítear rannpháirtithe chuig seirbhísí/idirghabhálacha eile má fhiosraíonn siad amhlaidh.



Ciall cheannaithe: Ní úsáidtear an suirbhé chun rochtain ar sheirbhísí a éascú, ós rud é go bhfuil siad saor in aisce agus go bhfuil rochtain fhorleathan orthu in Albain. Go deimhin, d’fhéadfadh cur chuige den sórt sin sampla claonta a thabhairt isteach, ós rud é go bhféadfadh sé go mbeartódh na daoine sin atá ag úsáid seirbhísí cheana nó iad siúd nach mian leo seirbhísí a úsáid a thuilleadh gan bheith páirteach sa staidéar.

Comhairleoireacht réamhthástála agus iarthástála/torthaí tástála agus nasc le cúram (san áireamh? Agus cén dóigh?)

Níl – rannpháirtíocht anaithnid. Rannpháirtithe ar mian leo eolas a chur ar a stádas HCV nó VEID, treoraítear iad chuig na seirbhísí tástála iomchuí.

Scaipeadh torthaí

Foilsítear tuarascáil atá dírithe ar an bpobal, grafaic faisnéise agus táblaí sonraí i ndiaidh gach babhta suirbhéireachta. Tá an ceann is déanaí ar fáil ar: [Needle Exchange Surveillance Initiative \(NESI\) – Needle Exchange Surveillance Initiative \(NESI\) –](#)

[Publications – Public Health Scotland](#). Cuirtear sonraí áitiúla neamhshochta agus anailís saincheaptha ar fáil freisin d'údarais Bhoird NHS.

Tugtar go leor cur i láthair ag cruinnithe náisiúnta agus áitiúla. Gineadh roinnt foilseachán in irisí piarmheasúnaithe freisin agus liostaítear iad i bhFoscábhinn 4 den tuarascáil thuas. Tá roinnt príomhfhoilseachán a gineadh ó shonraí NESI le fáil sa 'bhosca léitheoireachta breise'.

Formheas cosanta sonraí/eitice

Fuarthas formheas eiticiúil chun an staidéar a dhéanamh ó Choiste Eitice NHS Ghlaschú Thiar (Tag. REC: 08/S0709/46). Fuarthas formheas Taighde agus Forbartha NHS ó gach Bord NHS rannpháirteach.

Costais a bhaineann leis an staidéar agus foinse an chistithe

Mhaoinigh Health Protection Scotland (rinneadh Public Health Scotland di an 1 Aibreán 2020) staidéar NESI 2008-2018 agus mhaoinigh sé comhordú, anailís agus tuairisciú shuirbhé 2019-2020.

Mhaoinigh cur chun feidhme shuirbhé NESI 2019-2020, agus tástáil chúlghabhálach HCV RNA ar shuirbhéanna NESI 2011-2014, le Deontais Chlár na hInstitiúide Náisiúnta um Thaighde Sláinte (NIHR) le haghaidh Clár Taighde Feidhmeach (Uimhir Thagartha Deontais RP-PG-0616-20008). Cosnaíonn sé thart ar GBP 100 in aghaidh an rannpháirtí.


Ciall cheannaithe ar an iomlán

Bhí modheolaíocht suirbhé NESI bunaithe ar shuirbhéanna pobail a rinneadh roimhe sin i nGlaschú. Dá bhrí sin, cuireadh barr feabhais ar an modheolaíocht le linn na suirbhéanna sin.



Príomhláidreachtaí

- clúdach náisiúnta
- ráta ard gabhála spriocphobail (~ 10-15 % de phobal PWIDanna in Albain)
- sonraí ardcháilíochta ginte ag agallóirí oilte neamhspleácha
- an spota fola triomaithe a úsáid, tástáil éascaithe le haghaidh príomh-bhithchomharthaí (e.g. HCV RNA)
- an cumas athrú agus ceisteanna a chur leis an gceistneoir nó measúnachtaí saotharlainne (bailíochtaithe) nua a dhéanamh ar na samplaí de spotaí fola chun sonraí a ghiniúint maidir le saincheisteanna sláinte poiblí ardtosaíochta



Tuilleadh léitheoireachta

Doiciméid staidéir:

- Ceistneoir: <https://publichealthscotland.scot/publications/needle-exchange-surveillance-initiative-nesi/needle-exchange-surveillance-initiative-nesi/>
- Tá doiciméid staidéir eile ar fáil ach iad a iarraidh

Foilseacháin:

- Tuarascáil: <https://publichealthscotland.scot/media/12421/2022-04-01-nesi-19-20-report.pdf>
- [Palmateer NE, McAuley A, Dillon JF, McDonald S, Yeung A, Smith S, Barclay S, Hayes P, Shepherd SJ, Gunson RN, Goldberg DJ, Hickman M, Hutchinson SJ. Reduction in the population prevalence of hepatitis C virus viraemia among people who inject drugs associated with scale-up of direct-acting anti-viral therapy in community drug services: real-world data. *Addiction*. 2021; 116\(10\): 2893-2907.](#)
- [McAuley A, Palmateer NE, Goldberg DJ, Trayner KMA, Shepherd SJ, Gunson RN, Metcalfe R, Milosevic C, Taylor A, Munro A, Hutchinson SJ. Re-emergence of HIV related to injecting drug use despite a comprehensive harm reduction environment: a cross-sectional analysis. *Lancet HIV*. 2019; 6\(5\): e315-e324.](#)
- [Palmateer N, Taylor A, Goldberg DJ, Munro A, et al. Rapid decline in HCV incidence among people who inject drugs associated with national scale-up in coverage of a combination of harm reduction interventions. *PLoS One*. 2014; 9\(8\): e104515.](#)
- [Palmateer N, Goldberg DJ, Munro A, Taylor A, Yeung A and Wallace LA, et al. Association between universal hepatitis B prison vaccination, vaccine uptake and hepatitis B infection among people who inject drugs. *Addiction*. 2018; 113\(1\): 80–90](#)
- [Trayner K, McAuley A, Palmateer N, et al. Increased risk of HIV and other drug-related harms associated with injecting in public places: national bio-behavioural survey of people who inject drugs. *Int J Drug Policy*. 2020 Mar; 77: 102663.](#)

Staidéar cohóirt

Cúram HCV i gclinic ar chlár snáthaidí agus steallairí (NSP) i Stócólm, an tSualainn

Cúram HCV i gclinic NSP: Staidéar clárbhunaithe (cohórt oscailte) lena n-áirítear cuairt PWIDanna ar NSP i Stócólm na Sualainne

Príomhláidreachtaí: Cumhdach ard pobail, agus uirlis mhaith faireachais chun treochtaí a bhreathnú (maidir le húsáid drugaí, ráta tarlaithe, leitheadúlacht agus galracht)

Príomhlaige: Reachtaíocht na Sualainne lena n-éilítear cruthúnas céannachta

Teagmháil: Martin Káberg (martin.kaberg@ki.se)

Cur isteach sampla dea-chleachtais: Meitheamh 2023

Aidhm agus cuspóirí

Feabhas a chur ar an bpróiseas cúraim HCV agus ar leanúnachas cúraim do PWIDanna i Stócólm na Sualainne.



Ciall cheannaithe: Bhí cruthú clinic ildisciplínigh tairsí ísle le cur chuige ‘ionad ilfhreastail’ ina fhachtóir ratha. Bhí aistriú tascanna, le cóireáil HCV faoi stiúir altra agus comhairliúchán cianda le haghaidh saintacaíocht maidir le galair thógálacha, ina fhachtóir ratha.

Pobal staidéir/critéir maidir le cuimsiú

PWIDanna a fhreastalaíonn ar NSP i Stócólm na Sualainne. Comhlíonann gach PWIDanna atá cláraithe ar NSP Stócólm na critéir seo a leanas

- 1) IDU gníomhach
- 2) Aois ≥ 18 mbliana (≥ 20 bliain roimh mhí an Mhárta 2017, mar gheall ar reachtaíocht na Sualainne roimhe sin)
- 3) Cruthúnas céannachta (riachtanach de réir reachtaíocht na Sualainne).



Ciall cheannaithe: Teorainn mhór ab ea reachtaíocht na Sualainne lena gceanglaítear cruthúnas céannachta a sholáthar. D’fhéadfadh sé sin a bheith ina bhacainn ar dhaoine cúram a lorg agus a rochtain.

Dearadh staidéir

Staidéar atá bunaithe ar chlárclann is ea é (cohórt oscailte).



Ciall cheannaithe: Bhí cur chuige sonraíbhunaithe, lena gcruthaítear clár cáilíochta náisiúnta digiteach (InfCare NSP) mar uirlis cinnteoireachta cliniciúla agus clár sonraí taighde ina fhachtóir ratha chun obair leantach a dhéanamh le daoine aonair le himeacht ama.

Straitéis samplála

Áis-sampláil; gach duine a fhreastalaíonn ar NSP Stócólm 2013-2021.



Ciall cheannaithe: Bhí áireamh chuile dhuine sa chlár cáilíochta ina fhachtóir ratha. D'fhéadfadh obair leantach éighníomhach a bheith ina teorainn ach is ó chúram cliniciúil san fhíorshaol a thagann na sonraí sin.

Dreasacht

Níor cuireadh aon dreasacht ar fáil do na rannpháirtithe.

Láithreán earcaíochta/staidéir

Tá dhá láithreán sheasta i gclár NSP Stócólm, agus iad suite i lár chathair Stócólm, agus aonad soghluaiste amháin a chlúdaíonn Réigiún Stócólm ina iomláine. Is clár tairsí ísle é NSP Stócólm a sholáthraíonn snáthaidí/steallairí, feistí insteallta, coiscíní saor in aisce agus seirbhísí sláinte amhail cúram sláinte bunúsach, comhairleoireacht frithghiniúna agus seirbhísí cnáimhseachais eile, tástáil, vacsaíniú agus cóireáil d'ionfhabhtuithe, lena n-áirítear VEID agus HCV.



Ciall cheannaithe: Teorainn is ea dhá NSP sheasta i Réigiún Stócólm ina iomláine maidir le rochtain ar sheirbhísí NSP a sholáthar, go háirithe ós rud é nach bhfuil snáthaidí/steallairí ar fáil ó chlinicí ná ó chógaslanna eile

Comhdhéanamh na mball staidéir

Tá 102 altra agus dochtúir amháin ar fhoireann NSP. Sain-inniúlacht maidir le galair thógálacha ar an láthair, go páirteach, agus trí chianchomhairliúchán. Tá bainistíocht HCV á stiúradh ag altraí den chuid is mó. Bíonn cásbhainisteoir agus cnáimhseach ar an láthair sna haonaid NSP freisin. Soláthraíonn an NSP comhairleoireacht ghinearálta, atreorú chuig seirbhísí sóisialta agus cóireáil le hagónaithe ópóideacha (OAT).



Ciall cheannaithe: Bhí foireann ildisciplíneach ina fhachtóir ratha

Samplamhéid

Cóireáil HCV: n= 409, leitheadúlacht/ráta tarlaithe HCV: n= 4150

Tréimhse bailithe sonraí

Cóireáil HCV: 2017-2022. Leitheadúlacht/ráta tarlaithe HCV: 2013-2021

Eiseamal bailithe agus tástáil

Samplaí fola: Bailithe ag foireann NSP, altraí den chuid is mó. Sonraí déimeagrafacha: Bailithe ag gach ball foirne NSP. Ar chlárú le NSP do gach rannpháirtí, déantar iad a thástáil le haghaidh HAV, HBV, HCV agus VEID.

Bithchomharthaí	Cineál tástála
<u>Heipitíteas C:</u> Frith-HCV, RNA HCV, géinitíopaí HCV	Tástálacha féithithe seolta chuig Saotharlann Ollscoile Karolinska
<u>Heipitíteas B:</u> Séireolaíocht HBV, DNA HBV	Tástálacha féithithe seolta chuig Saotharlann Ollscoile Karolinska
<u>Heipitíteas A:</u> Séireolaíocht HAV	Tástálacha féithithe seolta chuig Saotharlann Ollscoile Karolinska
<u>VEID:</u> VEID ab/ag	Tástálacha féithithe seolta chuig Saotharlann Ollscoile Karolinska Tástálacha ag an bpointe cúraim le haghaidh VEID

Bailiú sonraí – ceistneoir

Ar chlárú le NSP do gach rannpháirtí, líonann siad ceistneoir cúlra ina bhfuil 34 mhír maidir leis an méid seo a leanas: déimeagrafaic chlárúcháin (leibhéal oideachais, dálaí sibhialta, tithíochta agus mar sin de); úsáid drugaí roimhe seo agus úsáid leanúnach drugaí; iompraíochtaí insteallta agus riosca gnéis; agus teagmháil le seirbhísí cúraim sláinte nó sóisialta, príosúin agus toirmisc.

Déantar agallaimh leantacha maidir le deitéarmanaint sochdhéimeagrafacha, iompraíochtaí riosca agus tástálacha HBV, HCV agus VEID gach trí nó sé mhí agus cuirtear sonraí isteach sa bhunachar sonraí leictreonach agus sa chlár cáilíochta náisiúnta NSP – InfCare NSP.

Baineadh úsáid as ceithre cheistneoir infCare NSP chun na sonraí a bhailiú. Déantar gach ceistneoir mar agallaimh le baill foirne oile:

- 1) ‘Ceistneoir clárúcháin NSP’: sonraí bunúsacha sochdhéimeagrafacha agus stair drugaí (15-25 nóiméad)
- 2) ‘Ceistneoir cuairte caighdeánach NSP’: ag gach cuairt chuig NSP, cuireann cliaint in iúl an druga is deireanaí a rinne siad a instealladh (2-3 nóiméad)
- 3) An ‘Ceistneoir leantach NSP i ndiaidh trí go sé mhí’: faisnéis nuashonraithe maidir le stádas fostaíochta agus tithíochta agus iompraíochtaí riosca insteallta (5-10 nóiméad)
- 4) An ‘Ceistneoir leantach NSP i ndiaidh dhá mhí dhéag’: faisnéis nuashonraithe maidir le fostaíocht, stádas tithíochta, iompraíochtaí riosca insteallta agus príomhdhruaga le 12 mhí anuas (10-20 nóiméad)



Ciall cheannaithe: Cuirtear sonraí ardchaighdeán ar fáil in agallamh le baill foirne oile. Mar sin féin, agus agallaimh á ndéanamh arís agus arís eile, tá baol ann go n-éireoidh freagróirí tuirseach de.

Táscairí DRID a bailíodh sa staidéar

- Tá na ceistneoirí uile ó InfCare NSP i gceangal leis seo (i Sualainnis).
- Déantar tástáil le haghaidh HAV, HBV, HCV agus VEID ar gach rannpháirtí tráth an chlárúcháin agus déantar na tástálacha arís idir 3 agus 6 mhí ina dhiaidh sin.
- Cláraítear gach snáthaid/steallaire a thugtar amach ionas gur féidir an cumhdach a mheas ar leibhéal an duine aonair agus ar leibhéal an ghrúpa.

Samplaí dea-chleachtais de shuirbhéanna chun faireachán a dhéanamh ar ghalair thógálacha a bhaineann le drugaí san Eoraip

- Tá deais á tógáil chun aschur sonraí a éascú i bhfíor-am le haghaidh leitheadúlachta, ráta tarlaithe agus e.g. líon a fuair cóireáil HCV (cláraítear sonraí cóireála HV).

Anailís sonraí

Tarlú galair (leitheadúlacht/ráta tarlaithe):

- Leitheadúlacht agus ráta tarlaithe VEID, HBV
- Leitheadúlacht HCV
- Ráta tarlaithe HCV (lena n-áirítear séireachomhshó agus ath-ionfhabhtú tar éis imeacht spontáineach nó tar éis cóireáil HCV)
- Torthaí cóireála HCV agus ath-ionfhabhtú

Tomhas comhlachais (fachtóirí riosca)

Bunaithe ar an taighde a rinneamar roimhe seo, roghnaíodh deitéarmanaint a bhaineann le sochdhéimeagrafaic, le drugaí agus le HCV le hanailísí (e.g. inscne, aois, tír bhreithe, tithíocht, druga a instealladh, fad na húsáide drugaí insteallta, tréimhse phríosúnachta, OAT, stádas HBV, stádas VEID)

Ráta tarlaithe. Cóimheasa guaise maidir leis an riosca séireachomhshó HCV nó d'ath-ionfhabhtú HCV

Ualú

Ní dhearnadh aon ualú le haghaidh na n-anailísí.

An bhfuil nasc díreach chuig idirghabháil mar chuid den staidéar (e.g. nascáil le cúram nó vacsaíniú)?

- Cúram comhtháite HCV lena n-áirítear tástáil, measúnú, cóireáil, comhairleoireacht agus oideachas HCV ar an láthair
- Measúnú ar ghalair ae neamh-ionrach le leaisteagrafaíocht díomuan
- Vacsaíniú HAV/HBV
- Coiscíní saor in aisce agus seirbhísí sláinte amhail cúram sláinte bunúsach, comhairleoireacht fhrithghiniúnach agus seirbhísí eile cnáimhseachais, agus cóireáil le haghaidh ionfhabhtuithe, lena n-áirítear VEID agus HCV
- Ródháileog a chosc agus nalocsón le tabhairt abhaile a sholáthar

Comhairleoireacht réamhthástála agus iarthástála/torthaí tástála agus nasc le cúram (san áireamh? Agus cén dóigh?)

Déantar tástáil le haghaidh HAV, HBV, HCV agus VEID ar gach rannpháirtí tráth an chláraithe agus déantar na tástálacha arís idir 3 agus 6 mhí ina dhiaidh sin. Cuirtear faisnéis maidir le laghdú riosca ar fáil do na rannpháirtithe go léir, ó bhéal agus le faisnéis i scríbhinn.

Cuireadh na rannpháirtithe uile ar a bhfuil HCV ar an eolas faoi rochtain ar chóireáil HCV le faisnéis phearsanta ón bhfoireann agus go digiteach ar scáileán faisnéise sna seomraí feithimh. Bhí cóireáil HCV faoi stiúir altraí den chuid is mó (i.e., rinne altraí tástáil le haghaidh HCV, lena n-áirítear tástálacha feidhme ae agus géinitíopaí, rinne siad tomhas righneas ae le Fibroscan, mhol siad straitéis cóireála HCV agus rinne faireachán ar rannpháirtithe le linn na cóireála agus ina dhiaidh). Dheimhnigh dochtúir de chuid an NSP an straitéis cóireála tosaigh, d'fhorordaigh sé DAA agus rinne sé meastóireacht ar shaincheisteanna casta a bhain le cóireáil, nuair ba ghá.

Scaipeadh torthaí

Foilsíodh staidéir roimhe seo ar phobal PWIDanna NSP Stócólm maidir le hiompraíocht riosca a laghdú, leitheadúlacht galar fuil-iompartha agus ráta tarlaithe HCV agus ualach galair, agus an éifeacht ar chóireáil HCV le linn phaindéim COVID-19 (féach an bosca léitheoireachta breise).

Formheas cosanta sonraí/eitice

Is clár cáilíochta náisiúnta é NSP InfCare agus tá ‘freagracht lárnach maidir le sonraí pearsanta’ ag Ospidéal Ollscoile Karolinska. Is trí Údarás Formheasa Eitice na Sualainne a fhorhmeastar gach staidéar.

Costais a bhaineann leis an staidéar agus foinse an chistithe

Maoiniú rialtais agus príobháideach.



Ciall cheannaithe ar an iomlán

Dá ndéanfaí sonraí saotharlainne a chomhtháthú go huathoibríoch in InfCare NSP, neartófaí cáilíocht agus laghdófaí an t-ualach oibre don fhoireann. Is maith an rud é ceist maidir le cibé ar cuireadh cóireáil HCV ar dhuine ón tástáil dheimhneach dheireanach a chur sa cheistneoir, mar tógann sé go leor ama é sin a imscrúdú ar bhealach eile. Tá an cheist sin sa cheistneoir anois.

Príomhláidreachtaí

- Cumhdach ard ar an bpobal (le cumhdach ard ar thástáil víreas fuil-iompartha agus ar shonraí déimeagrafacha)
- Uirlis faireachais iontach le haghaidh treochtaí úsáide drugaí, treochtaí iompraíochta riosca, treochtaí leitheadúlachta agus ráta tarlaithe, galrachta (mar rinneadh nasc le déanaí a fhágann go bhfuil Clárlann um Chúis Báis na Sualainne inrochtana ag clár cáilíochta InfCare NSP)
- Le déanaí, cuireadh réimsí éigeantacha chun feidhme i gclár cáilíochta NSP InfCare chun cumhdach maith agus cáilíocht na sonraí a dhaingniú tuilleadh (rud a moill leis mar gheall ar easpa maoinithe)



Tuilleadh léitheoireachta

Doiciméid staidéir:

- Ceistneoir: ar fáil ach é a iarraidh

Foilseacháin:

- Lindqvist K et al. [Real-world hepatitis C treatment outcomes and reinfections among people who inject drugs at a needle and syringe program in Stockholm, Sweden](#). Harm Reduct J. 2023 Jun 12;20(1):72. doi: 10.1186/s12954-023-00801-1.
- Kåberg M, et al. INHSU 2019; Póstaer #050; 3. Real-world hepatitis C treatment outcomes and reinfections among people who inject drugs at a needle and syringe program in Stockholm, Sweden.
- On-going analyses and manuscript writing regarding HCV incidence (2013-2021).

- A prospective cohort study of risk behaviours, retention and loss to follow-up over 5 years among women and men in a needle exchange program in Stockholm, Sweden. Karlsson N, Kåberg M, Berglund T, Hammarberg A, Widman L, Ekström AM. *Int J Drug Policy*. 2020 Dec 24;90:103059. doi: 10.1016/j.drugpo.2020.103059.
- Significant decrease in injection risk behaviours among participants in a needle exchange programme. Kåberg M, Karlsson N, Discacciati A, Widgren K, Weiland O, Ekström AM, Hammarberg A. *Infect Dis (Lond)*. 2020 Feb 19:1-11. doi: 10.1080/23744235.2020.1727002.
- Hepatitis C virus (HCV) related liver fibrosis in people who inject drugs (PWID) at the Stockholm Needle Exchange – evaluated with liver elasticity. Kåberg M, Edgren E, Hammarberg A, Weiland O. *Scand J Gastroenterol*. 2019 Márta;54(3):319-327.
- Incidence and spontaneous clearance of hepatitis C virus (HCV) in people who inject drugs at the Stockholm Needle Exchange-Importance for HCV elimination. Kåberg M, Navér G, Hammarberg A, Weiland O. *J Viral Hepat*. 2018 Dec;25(12):1452-1461. doi: 10.1111/jvh.12969. Epub 2018 Jul 30.
- Prevalence of hepatitis C and pre-testing awareness of hepatitis C status in 1 500 consecutive PWID participants at the Stockholm needle exchange program. Kåberg M, Hammarberg A, Lidman C, Weiland O. *Infect Dis (Lond)*. 2017 Oct;49(10):728-736.
- Hepatitis C elimination in Sweden: Progress, challenges and opportunities for growth in the time of COVID-19. Blach S, Blomé M, Duberg AS, Jerkeman A, Kåberg M, Klasa PE, Lagging M, Razavi-Shearer D, Razavi H, Aleman S. *Liver Int*. 2021 Sep;41(9):2024-2031
- Health literacy and changes in pattern of drug use among participants at the Stockholm Needle Exchange Program during the COVID-19 pandemic. Lindqvist K, Wallmofeldt C, Holmén E, Hammarberg A, Kåberg M. *Harm Reduct J*. 2021 May 10;18(1):52. doi: 10.1186/s12954-021-00499-z.

Forbhreathnú ar tháscairí DRID a bailíodh sna samplaí dea-chleachtais

Bloc tógála: Ualach agus tionchar

Táscaire	Croítháscaire/ Táscaire molta/ Táscaire roghnach	Sainmhíniú	Dearadh staidéir (foinse sonraí)	DRUCK	DRUCK 2.0	HCV-UD	NESI	Cúram HCV laistigh de NSP	ARISTOTLE	ARISTOTLE HCV-HIV	ALEXANDROS
Leitheadúlacht antaigin dromchla Heipitíteas B	Croítháscaire	Líon PWIDanna a fuair toradh deimhneach i leith HBsAg i dtástáil	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (sampla fola)	X	X	X	X	X		X	X
Leitheadúlacht ionfhabhtú HCV víréimigh	Croítháscaire	Líon PWIDanna ar a raibh ionfhabhtú víréimeach HCV (HCV RNA deimhneach nó HCV-Ag deimhneach)	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (sampla fola)	X	X	X	X	X	X	X	X
Treochtaí i leitheadúlacht HCV víréimigh le himeacht ama	Croítháscaire	Idem, treochtaí	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt athfhillteacha (sampla fola)				X	X	X	X	X
Leitheadúlacht ionfhabhtú VEID	Croítháscaire	Líon PWIDanna a bhfuil ionfhabhtú VEID orthu	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt (sampla fola)	X	X	X	X	X	X	X	X
Ráta tarlaithe ionfhabhtaithe HCV	Roghnach	Ráta minicíochta ionfhabhtuithe nua le HCV (HCV RNA/cAg+)	Sonraí trasghearrthacha nó cohóirt athfhillteacha (sampla fola)				X	X	X	X	X
Ráta tarlaithe ionfhabhtaithe HIV	Roghnach	Ráta minicíochta ionfhabhtuithe nua VEID	Sonraí trasghearrthacha (le samháltú) nó sonraí cohóirt athfhillteacha (sampla fola)					X	X	X	X

Bloc tógála: Fachtóirí riosca

Táscaire	Croítháscaire/ Táscaire molta/ Táscaire roghnach	Sainmhíniú	Dearadh staidéir (foinse sonraí)	DRUCK	DRUCK 2.0	HCV-UD	NESI	Cúram HCV laistigh de NSP	ARISTOTLE	ARISTOTLE HCV-HIV	ALEXANDROS
Leitheadúlacht snáthaidí/steallairí a úsáideadh cheana a roinnt	Croítháscaire	Líon PWIDanna a roinneann snáthaidí/steallairí a úsáideadh cheana le 4 seachtaine anuas (snáthaid/steallaire a ghlacadh ó dhuine eile nó a thabhairt chuig duine eile)	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (ceistneoir)	X	X	X	X	X	X	X	X
Leitheadúlacht feistí insteallta drugaí a úsáideadh cheana a roinnt	Táscaire molta	Cion de PWIDanna a roinn aon fheistí insteallta úsáidte le 4 seachtaine anuas seachas snáthaidí/steallairí (comhúsáid, fáil nó cur ar aghaidh)	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (ceistneoir)	X	X	X	X	X	X	X	X
Leitheadúlacht úsáide drugaí trí instealladh, de réir substainte	Táscaire molta	Líon PWIDanna a d'insteall drugaí le 4 seachtaine anuas, de réir substainte (hearóin, meatadón, búipreanoirfín, feantainil agus díorthaigh, cócaon, cnagchócaon, meitiolamfataimín, amfataimín, cáitíonóin shintéiseacha, eile)	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (ceistneoir)	X	X	X	X	X	X	X	X
Leitheadúlacht príosúnachta roimhe seo	Táscaire molta	Cion de PWIDanna a thuairiscigh gur chaith siad seal i bpríosún	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (ceistneoir)	X	X	X	X	X	X	X	X

Táscaire	Croítháscaire/ Táscaire molta/ Táscaire roghnach	Sainmhíniú	Dearadh staidéir (foinse sonraí)	DRUCK	DRUCK 2.0	HCV- UD	NESI	Cúram HCV laistigh de NSP	ARISTOTLE	ARISTOTLE HCV-HIV	ALEXANDROS
Leitheadúlacht easpa dídine	Táscaire molta	(Cion de PWIDanna a bhí gan áit chónaithe sheasta, ina gcónaí ar na sráideanna, nó i mbrú nó dídean go sealadach, am ar bith le 12 mhí anuas)	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (ceistneoir)	X	X	X	X	X	X	X	X
Thíos le stiogma agus idirdhealú roimhe	Táscaire molta	Líon PWIDanna a bhí thíos le haithisiú agus idirdhealú	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (ceistneoir)	X	X		X		X		

Bloc tógála: Cosc

Táscaire	Croítháscaire/ Táscaire molta/ Táscaire roghnach	Sainmhiniú	Dearadh staidéir (foinse sonraí)	DRUCK	DRUCK 2.0	HCV-UD	NESI	Cúram HCV laistigh de NSP	ARISTOTLE	ARISTOTLE HCV-HIV	ALEXANDROS
Dáileadh steallairí agus snáthaidí	Croítháscaire	Líon na snáthaidí/steallairí glana a fuarthas in aghaidh an duine a insteallann drugaí le mí anuas	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (ceistneoir)	X	X	X	X	X	X	X	X
Clúdach OAT	Croítháscaire	Líon PWIDanna a úsáideann ópóidigh atá ag fáil OAT	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (ceistneoir nó nascáil taifid)	X	X	X	X	X	X	X	X
Cumhdach vacsaínithe HBV	Croítháscaire	Líon PWIDanna atá iomlán vacsaínithe in aghaidh HBV	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (sampla fola, ceistneoir nó nasc taifid)	X	X		X	X	X		
Úsáid coiscíní	Táscaire molta	Líon PWIDanna a chuireann in iúl gur úsáid siad coiscín le linn an bhabhta dheireanaigh caidrimh	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (ceistneoir)	X	X	X	X	X	X	X	X
Úsáid PrEP	Táscaire molta	Líon PWIDanna atá ag fáil PrEP	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (ceistneoir nó nascáil taifid)	X	X						
Rochtain ar nalocsón	Táscaire molta	Líon PWIDanna (ag úsáid ópóideach?) ag a bhfuil fearas Naloxone	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (ceistneoir)	X	X		X	X			

Bloc tógála: Leanúint le cúram VEID

Táscaire	Croítháscaire/ Táscaire molta/ Táscaire roghnach	Sainmhíniú	Dearadh staidéir (foinse sonraí)	DRUCK	DRUCK 2.0	HCV-UD	NESI	Cúram HCV laistigh de NSP	ARISTOTLE	ARISTOTLE HCV-HIV	ALEXANDROS
Tástáil	Croítháscaire	Líon PWIDanna a tástáladh le haghaidh VEID le 12 mhí anuas (gan tástálacha a rinneadh mar chuid den staidéar a áireamh, agus gan iad siúd le diagnóis VEID <u>atá ar eolas</u> acu cheana a áireamh)	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (ceistneoir nó nascáil taifid)	X	X	X	X	X	X	X	X
Diagnóis	Croítháscaire	Líon PWIDanna ar a bhfuil VEID agus a bhfuil a stádas ar eolas acu	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (sampla fola agus ceistneoir)	X	X	X	X	X	X	X	X
Cóireáil	Croítháscaire	Líon PWIDanna ag a raibh diagnóis VEID a bhí ag fáil teiripe fhrithvíreasach	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (ceistneoir nó nascáil taifid)	X	X	X	X	X	X	X	X
Sochtadh víreasach	Táscaire molta	Líon PWIDanna ar a bhfuil VEID agus a bhfuil cóireáil á cur orthu, agus a bhfuil sochtadh ualaigh víris bainte amach acu	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (ceistneoir nó nasc taifid nó sampla fola)	X	X	X		X	X	X	X

Bloc tógála: Cúram HBV

Táscaire	Croítháscaire/ Táscaire molta/ Táscaire roghnach	Sainmhiniú	Dearadh staidéir (foinse sonraí)	DRUCK	DRUCK 2.0	HCV-UD	NESI	Cúram HCV laistigh de NSP	ARISTOTLE	ARISTOTLE HCV-HIV	ALEXANDROS
Tástáil	Táscaire molta	Líon PWIDanna a tástáladh le haghaidh VEID le 12 mhí anuas (gan tástálacha a rinneadh mar chuid den staidéar a áireamh, agus gan iad siúd le diagnóis VEID <u>a bhí ar eolas</u> acu cheana a áireamh)	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (ceistneoir nó nascáil taifid)	X	X	X		X	X riamh		
Diagnóis	Roghnach	Líon PWIDanna ar a bhfuil HBV víréimeach ar diagnóisíodh go raibh HBV orthu (a bhí ar an eolas faoin ionfhabhtú)	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (sampla fola agus ceistneoir)	X	X	X		X	X		
Cóireáil	Roghnach	Líon PWIDanna ar diagnóisíodh go raibh ionfhabhtú HBV orthu a bhfuil cóireáil do HBV á cur orthu	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (ceistneoir nó nascáil taifid)	X	X	X		X	X		
Sochtadh víreasach	Roghnach	Líon othar ar a bhfuil ionfhabhtú HBV agus a bhfuil cóireáil á cur orthu le hualach víreasach HBV (VL) sochta	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (ceistneoir nó nasc taifid nó sampla fola)	X	X	X		X			

Bloc tógála: Cúram HCV

Táscaire	Croítháscaire/ Táscaire molta/ Táscaire roghnach	Sainmhíniú	Dearadh staidéir (foinse sonraí)	DRUCK	DRUCK 2.0	HCV-UD	NESI	Cúram HCV laistigh de NSP	ARISTOTLE	ARISTOTLE HCV-HIV	ALEXANDROS
Tástáil	Croítháscaire	Líon PWIDanna a tástáladh le haghaidh HCV le 12 mhí anuas (gan tástálacha a rinneadh mar chuid den staidéar a áireamh)	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (ceistneoir nó nascáil taifid)	X	X	X	X	X	X	X	X
Diagnóis	Croítháscaire	Líon PWIDanna frith-HCV+ agus/nó HCV-RNA+ ar diagnóisíodh go raibh ionfhabhtú víréimeach HCV orthu riamh	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (sampla fola agus ceistneoir)	X	X	X	X	X	X	X	X
Cóireáil	Croítháscaire	Líon PWIDanna frith-HCV+ agus/nó HCV-RNA+ ar cuireadh cóireáil fhrithvíreasach HCV orthu roimhe	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (ceistneoir nó nascáil taifid)	X	X	X	X	X	X riamh	X	X
Freagairt víreolaíoch leanúnach	Táscaire molta	Líon othar ar a raibh heipitíteas C a leigheasadh as measc na n-othar a ghlac leis an gcóireáil ina iomláine	Sonraí trasghearrthach a nó cohóirt (ceistneoir nó nasc taifid nó sampla fola)	X	X	X		X	X	X	X